CRR

AN COIMISIÚN UM RIALÁIL IARNRÓID
COMMISSION FOR RAILWAY REGULATION



# Feidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid

## in Éirinn 2017




## Fógra faoin Tuairisc

Ní fhéadfaidh duine ar bith an tuairisc seo nó aon chuid di a tháirgeadh, a atáirgeadh nó a tharchur in aon fhoirm nó ar aon mhodh gan cead dearfa an CRI. Féadfar an tuairisc seo a úsáid gan srian chun críocha oideachais. Ba chóir aon fhiosrúcháin faoin bhfoilseachán seo a sheoladh agus na sonraí teagmhála thíos á n-úsáid.

Sonraí teagmhála

Suíomh Idirlín www.crr.ie
Guthán +353 1 2068110
Rphost info@crr.ie

Seoladh: Coimisiún um Rialáil Iarnróid,
Teach an Teampaill,
An Charraig Dhubh,
Contae Bhaile Átha Cliath,
Éire

Arna hullmhú ag: Nora Balfe Arna faomhadh ag: Anthony Byrne

Tá an CRI buíoch de Neil Dinnen as ucht a chead a gcuid íomhánna faoi chóipcheart a úsáid sa tuarascáil seo.

# Réamhrá

**Fáilte chuig Tuairisc Bhliantúil an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta i gcomhair 2017. Tá an tuairisc seo ina fhorlíonadh a ghabhann le Tuarascáil Bhliantúil an CRI chuig an Aire agus soláthraítear ann tuilleadh mionsonraí faoin bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ag na heagraíochtaí iarnróid a fheidhmíonn in Éirinn.**

Bíonn maoirseacht an CRI ar eagraíochtaí iarnróid na hÉireann bunaithe ar rioscaí, is é sin le rá go mbímid ag díriu tuilleadh dár gcuid acmhainní ar na heagraíochtaí sin a nochtann daoine do rioscaí. Tugann ár gCigirí faoi iniúchóireacht is chigireacht agus buaileann siad le feidhmeannaigh agus bainisteoirí cuideachtaí, agus é de rún ag na gníomhaíochtaí sin ar fad éifeachtacht chórais bhainistíochta sábháilteachta na gcuideachtaí a sheiceáil agus seiceáil an mbíonn na cuideachtaí ag comhlíonadh na gcóras sin ar bhonn leanúnach, agus táim buíoch díobh as a gcuid iarrachtaí le bliain anuas.

Is é príomhfheidhm ár n-iarnród (lena n-áirítear bealaí tram) daoine agus/nó lastas a ghluaiseacht go sábháilte. Sa chomhthéacs sin, tháinig méadú ar líon na bpaisinéirí ar líonra Iarnród Éireann in 2017. Chonacthas laghdú beag ar líon na bpaisinéirí ar líonra LUAS, ar féidir a mhórchuid de sin a chur síos do pháirt den Líne Dhearg a bheith dúnta agus Luas Traschathrach (LCC) á thógáil. É sin ráite, táthar ag súil leis go rachaidh turais phaisinéirí i méad go suntasach ar líonra an LUAS in 2018. Is sa chomhthéacs sin nár bhásaigh aon phaisinéirí ar ár n-iarnróid in 2017 agus ar an méan, bhí feidhmíocht earnáil iarnróid na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta dearfach.

Tháinig laghduithe ar líon na n-imbhuailtí traenach agus ar líon na gComharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (*SPAD*anna) ar líonra Iarnród Éireann agus ba lú líon na dtramanna a chuaigh de na ráillí ar LUAS. Bhí méaduithe, áfach, ar líon na ngortuithe do phaisinéirí ar bord traenacha agus ar líon na n imbhuailtí tráchta ar bhóithre le tramanna.

Tá sé ina ábhar bróin gur cailleadh naonúr in 2017 toisc go ndeachaigh siad ar na h-iarnróid gan údarú, an líon is mó le deich mbliana agus bímid ag cuimhneamh orthu sin a cailleadh, ar a dteaghlaigh agus ar fhoireann na n-iarnród a bhí i gceist. Cé go mb'fhéidir gur beag an compord é sin, tugtar faoi imscrúduithe ar thionóiscí chun foghlaim ó na tarlúintí tragóideacha seo.

Córais chasta is ea ár n-iarnróid, agus iliomad comhéadain i gceist leo agus, ar an drochuair, beidh tarlúintí ann ó thaobh na sábháilteachta iarnróid ó am go chéile. Ní éasca an rud é an fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta a fheabhsú, agus ní foláir a bheith ar an aire de shíor chomh maith le diongbháilteacht leanúnach uathu siúd ar fad a oibríonn sa tionscal chun gníomhú go sábháilte in ainneoin na spriocanna sin a bhíonn in iomaíocht le chéile.

Anthony Byrne
*Príomhchigire – Maoirseacht & Forfheidhmiúchán*

# Achoimre Fheidhmeach

**Is é seo an naoú tuairisc bhliantúil faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta de chuid an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid (CRI), arna hullmhú don phobal i gcoitinne ar aon dul le hAlt 10 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid (2005) lena gceanglaítear ar an CRI feidhmiú ar bhealach oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. Soláthraítear staitisticí faoin gcúlra agus tráchtaireacht sa tuairisc seo maidir le roinnt táscairí tábhachtacha faoin bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta.**

Is an CRI an rialtóir sábhailteachta iarnróid neamhspleách i bPoblacht na hÉireann agus bíonn sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar shábháilteacht na n-eagraíochtaí iarnróid ar fad, lena n-áirítear Iarnród Éireann, *Transdev* (Oibritheoir an Luas), Iarnród *Balfour Beatty Ireland (BBRI)*, Bord na Móna mar a dteagmhaíonn a gcuid iarnród le bóithre poiblí, an *Railway Preservation Society of Ireland* agus roinnt iarnród oidhreachta níos lú agus as údarú tionscadal faoina dtugann Bonneagar Iompair Éireann (BIÉ), arbh é an Ghníomhaireacht um Fháil Iarnród roimhe é *(RPA)*.

Tá feidhmíocht earnáil iarnróid na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta réasúnta dearfach, nuair a chuirtear é i gcomparáid le blianta roimhe agus le staitisticí Eorpacha araon, agus tá méadú ar líon na dturas ag paisinéirí sa chúlra chomh maith le méadú ar na ciliméadair traenach/tram dá taistealadh.

Níor bhásaigh aon phaisinéirí in 2017, ach cailleadh naonúr de thoradh iad a bheith dulta gan údarú ar an iarnród, an líon ab airde le deich mbliana anuas. Ní raibh aon tuairiscí ann faoi bhásanna ag crosairí comhréidhe.

In Iarnród Éireann, chonacthas in 2017 gur tháinig laghdú ar líon na n-imbhuailtí traenach i gcomparáid leis an mbliain roimhe, ach fanann na staitisticí níos airde ná mar a bhí deich mbliana ó shin. Baineann cion suntasach de na himbhuailtí le hainmhithe móra a théann ar an iarnród. Tháinig laghdú ar líon na gComharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstú (*SPAD*anna) in 2017, rud a d'fhág gur baineadh ceann de na rátaí ab ísle ó 2003 amach ina leith siúd.

D'fhan feidhmíocht *Transdev* mórán mar a chéile, ach chonacthas méadú mór ar líon na gCásanna inar Feidhmíodh na Coscáin Éigeandála. Tá an CRI i mbun imscrúduithe ar na cúiseanna leis an méadú sin.

Bhí méadú ar líon na n-eachtraí ag crosairí comhréidhe ag Bord na Móna in 2017 freisin, ach níor bhain riosca suntasach don phobal le ceachtar de na cásanna sin.

I gcomparáid le Ballstáit Eorpacha eile, feidhmíonn Éire go maith ó thaobh gach cineáil tionóisce, agus go sonrach ó thaobh tionóiscí ag crosairí comhréidhe agus traenacha ag imeacht de na ráillí. Is ag Éirinn atá an t ochtú ráta is airde áfach maidir le *SPAD*anna i gcoibhneas le líon na gciliméadar traenach a thaistealaítear.

In 2017, thionscain an AITI dhá imscrúdú. Bhain an chéad cheann le cás inar bheag nár tharla tionóisc ag crosaire comhréidh Chnoc an Chrochaire, agus an dárna ceann le traein DART a chuaigh de na ráillí i nDún Laoghaire. Foilsíodh dhá thuairisc faoi imscrúduithe a bhí curtha i gcrích, as ar tháinig naoi moladh ó thaobh na sábháilteachta.

# Clár na nÁbhar


1 **Réamhrá** ... **8**
- 1.1 Réamhrá ... 8
- 1.2 Forléargas ar an Tuairiscí ... 8
- 1.3 An Coimisiún um Rialáil Iarnróid ... 8
- 1.4 Coinníollacha maidir leis na Staitisticí ... 9

2 **Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid in Éirinn** ... **10**
- 2.1 Réamhrá ... 11
- 2.2 Iarnród Éireann ... 11
- 2.3 Iarnród *Balfour Beatty Éireann* ... 27
- 2.4 Staitisticí *Transdev* (Luas) ... 27
- 2.5 Staitisticí Iarnróid Tionsclaíoch Bhord na Móna ... 32
- 2.6 Iarnróid Oidhreachta ... 33

3 **Uiríll Phoiblí** ... **35**
- 3.1 Réamhrá ... 36
- 3.2 Sonraí agus Tráchtaireacht 2017 ... 36

4 **Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid san Eoraip** ... **39**
- 4.1 Réamhrá ... 40
- 4.2 Comparáidí idir na Líonraí ... 40
- 4.3 Na tionóiscí ar fad i gcoibhneas le km-traenach ... 41
- 4.4 Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú i gcoibhneas le km-traenach ... 42
- 4.5 Tionóiscí ag crosairí comhréidh i gcoibhneas le km-traenach ... 43
- 4.6 Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach ... 44
- 4.7 Céatadán na rianta le Cosaint Traenach Uathoibríoch (ATP) i bhfeidhm ... 45
- 4.8 Tionóiscí Móra Timpeall an Domhain ... 46

5 **Imscrúduithe faoi Thionóiscí** ... **49**
- 5.1 Réamhrá ... 50
- 5.2 Imscrúduithe Gníomhacha de chuid an AITI ... 50
- 5.3 Tuairiscí faoi Imscrúduithe de chuid an AITI 2017 ... 50
- 5.4 Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta de chuid an AITI 2017 ... 51
- 5.5 Achoimre ar Mholtaí de chuid an AITI ... 54

6 **Tagairtí** ... **56**
- 6.1 Cáipéisí a Úsáideadh ... 57

# Tábla na bhFigiúr

**Figiúr 1:** Turais ag Paisinéirí ar IÉ 2003-2017 ....... 11
**Figiúr 2:** Ciliméadair traenach ar líonra IÉ 2003-2016 ....... 12
**Figiúr 3:** Pearsanra i mbun fostaíochta lánaimseartha le IÉ. ....... 13
**Figiúr 4:** Staitisticí faoi Ghortuithe do Phaisinéirí de réir na bliana. ....... 15
**Figiúr 5:** Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Oibriúcháin Iarnróid) .. 16
**Figiúr 6:** Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Bonneagar Iarnróid ) .. 17
**Figiúr 7:** Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (*ECM* Bonneagair) ...... 17
**Figiúr 8**: Imbhuailtí Iomlána de réir na bliana. ....... 18
**Figiúr 9:** Mionsonraí Staitisticí faoi Imbhuailtí Traenach de réir na bliana, cuid 2. ....... 19
**Figiúr 10:** Líon na gCrosairí Comhréidhe de réir na bliana ....... 20
**Figiúr 11:** Crosaire Comhréidh de réir cineáil in Éirinn ....... 21
**Figiúr 12:** *SPAD*anna IÉ de réir na bliana ....... 22
**Figiúr 13:** Traenacha a Chuaigh de na Ráillí de réir na Bliana ....... 23
**Figiúr 14:** Tionóiscí Rothstoic de réir na bliana. ....... 24
**Figiúr 15:** Ráillí Briste de réir na bliana ....... 25
**Figiúr 16:** Lioscáin Scoilte nó Bhriste ar Líonra IÉ, de réir na bliana. ....... 25
**Figiúr 17:** Droichid Iarnróid ar bhuail feithiclí bóithre iad. ....... 26
**Figiúr 18:** Líon na dTuras ag paisinéirí Luas 2009-2017. ....... 28
**Figiúr 19:** Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre & tram i gceist ....... 29
**Figiúr 20:** Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre in aghaidh na milliún km rite. ....... 29
**Figiúr 21:** Daoine a tháinig i dteagmháil le Tram. ....... 30
**Figiúr 22:** Tramanna a chuaigh de na ráillí. ....... 31
**Figiúr 23:** Cásanna inar Feidhmíodh na Coscáin Éigeandála ....... 32
**Figiúr 24:** Traenacha Bhord na Móna a chuaigh de na ráillí agus eachtraí/tionóiscí ag crosairí comhréidhe ....... 33
**Figiúr 25:** Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir na bliana ....... 37
**Figiúr 26:** Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir an chatagóra ....... 38
**Figiúr 27:** Iomlán na km-traenach (milliúin) ....... 40
**Figiúr 28:** Iomlán na gciliméadar ag paisinéirí (milliúin). ....... 41
**Figiúr 29:** Na tionóiscí ar fad in aghaidh na milliún km-traenach. ....... 42
**Figiúr 30:** Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú in aghaidh na milliún km-traenach. 43
**Figiúr 31:** Tionóiscí ag crosairí comhréidhe i gcoibhneas le km-traenach ....... 44
**Figiúr 32:** Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach ....... 45
**Figiúr 33:** Céatadáin d'iarnróid an AE/AEE le Cosaint Traenach Uathoibríoch i bhfeidhm, de reir na tíre (2012-2016) ....... 46

# Tábla de na Táblaí

**Tábla 2:** Mionsonraí Staitisticí na nImbhuailtí Traenach de réir na bliana Cuid 1. ....... 19
**Tábla 3:** Tarlúintí ar BBRI 2017 ....... 27
**Tábla 4:** Imscrúduithe a thionscain AITI in 2017 ....... 50
**Tábla 5:** Tuairiscí faoi imscrúduithe a d'fhoilsigh AITI in 2017. ....... 51
**Tábla 6:** Achoimre na Moltaí ó AITI ....... 54



# 1 Réamhrá

## 1.1 Réamhrá

Is é seo an naoú Tuairisc Bhliantúil faoin bhFeidhmíocht ó thaobh na Sábháilteachta de chuid an Choimisiúin um Rialáil Iarnróid (CRI), arna hullmhú don phobal i gcoitinne ar aon dul le hAlt 10 den Acht um Shábháilteacht Iarnróid (2005) lena gceanglaítear ar an CRI feidhmiú ar bhealach oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach. Soláthraítear staitisticí faoin gcúlra agus tráchtaireacht sa tuairisc seo maidir le roinnt táscairí tábhachtacha faoin bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta. Treoraítear táscairí feidhmíochta de réir na gComhtháscairí Sábháilteachta faoi mar a sonraíodh i dTreoir 2004/49/CE agus a leasaíodh le Treoir 149/2009/CE agus le Treoir 2014/88/CE. Áirítear tuilleadh táscairí sa tuairisc seo chun gnéithe agus rioscaí ar leith a bhaineann le hIarnróid na hÉireann a léiriú.

## 1.2 Forléargas ar an Tuairisc

Cuirtear treochtaí in Éirinn ó thaobh na sábháilteachta le haghaidh gach catagóir eachtra traenach i láthair agus pléitear iad i gCaibidil 2. I gCaibidil 3, cuirtear forléargas achomair ar na huiríll poiblí a fuair an CRI i láthair. I gCaibidil 4, taispeánann comparáid ardleibhéil le hiarnróid eile na hEorpa riocht an oibritheora náisiúnta iarnróid in Éirinn (Iarnród Éireann (IÉ)) ó thaobh na sábháilteachta iarnróid. Áirítear leis sin forléargas achomair ar thionóiscí suntasacha a tharla i dtíortha eile in 2017. Baineann Caibidil 5 leis an Aonad um Imscrúdú Tionóiscí Iarnróid (AITI) agus le moltaí a tháinig as a gcuid imscrúduithe. Mínítear stádas gach molta in éineacht le mionsonraí faoi ghníomhartha a rinneadh go dtí seo.

## 1.3 An Coimisiún um Rialáil Iarnróid

Bunaíodh an CSI (an Coimisiún um Shábháilteacht Iarnróid mar a bhí) an 1ú Eanáir 2006 faoi fhoráil an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005, agus an fhreagracht air as sábháilteacht iarnróid a rialáil. Is é an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta (ÚNS) agus an Comhlacht Rialála don earnáil iarnróid i bPoblacht na hÉireann é. Is é a mhisean "sábháilteacht na n-iarnród in Éirinn a chur chun cinn trí mhaoirseacht agus fhorfheidhmiúchán díograiseach".

Mar an ÚNS, bíonn freagracht ar an CRI as measúnacht ar chomhfhoirmeacht agus as deimhnithe sábháilteachta agus údaruithe sábháilteachta a eisiúint do chórais bhainistíochta sábháilteachta, as rothstoc agus bonneagar nua a fhaomhadh, agus as monatóireacht a dhéanamh ar an tionscal lena chinntiú go mbainistíonn sé a rioscaí don tsábháilteacht go héifeachtach. Comhordaíonn agus spreagann an CRI tionscnaimh sábháilteachta iarnróid idir an tionscal agus páirtithe leasmhara seachtracha. Féadfar tuilleadh mionsonraí a lorg ar shuíomh idirlín an CRI **www.crr.ie**.

## 1.4 Coinníollacha maidir leis na Staitisticí

Táirgeann an CRI an tuairisc seo chun teacht an phobail, ar fhaisnéis faoi fheidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta ag na heagraíochtaí éagsúla iarnróid na hÉireann, a bhreisiú. Tá sé d'aidhm ag an CRI go mbeidh an fhaisnéis seo tráthúil agus cruinn. Ba cheart aire an CRI a tharraingt ar aon earráidí, agus déanfar gach iarracht chun iad a cheartú.

Maidir leis an bhfaisnéis seo:

- faisnéis ghinearálta amháin atá ann
- ní comhairle ghairmiúil nó dhlíthiúil atá ann

Tá sé tábhachtach tabhairt faoi deara gur beartaíodh na figiúir a úsáidtear sa tuairisc seo chun treochtaí leathana a léiriú agus nach bhfuil sé i gceist go léifear iad mar fhigiúir ríomhairithe bheachta. Rinneadh slánú ar uimhreacha agus d'fhéadfadh sin dul i bhfeidhm ar na sonraí foriomlána.

Is é sprioc an CRI aon chur isteach, arbh earráidí teicniúla a n-údar, a laghdú oiread agus is féidir. D'fhéadfadh roinnt sonraí nó faisnéise sa tuairisc seo a bheith cruthaithe nó struchtúraithe i gcomhaid nó i bhformáidí nach bhfuil saor ó earráidí. Ní ghlacann an CRI aon fhreagracht air fhéin maidir le fadhbanna dá leithéid a tharlaíonn de thoradh sonraí a úsáideadh sa tuairisc seo.



# 2 | Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid in Éirinn

## 2.1 Réamhrá


Táthar ag meas fheidhmíocht na nEagraíochtaí Iarnróid i bPoblacht na hÉireann ó thaobh na sábháilteachta i leith na gceithre phríomh-fho-earnráil iarnróid a thagann faoi rialáil an CRI, mar atá, iarnród trom, iarnród éadrom, comhéadain ar bhóithre poiblí le córais iarnróid tionsclaíocha, agus iarnróid oidhreachta. Tugtar sainordú faoin dlí do gach Eagraíocht Iarnróid chun sonraí staitistiúla ar oibriúcháin gus eachtraí iarnróid a thuairisciú don CRI. Úsáidtear na sonraí sin ansin le feidhmíocht na nEagraíochtaí Iarnróid ó thaobh na sábháilteachta a mheasúnú chomh maith le bainistíocht rioscaí na nEagraíochtaí.

## 2.2 Iarnród Éireann

### 2.2.1 Staitisticí Oibriúcháin

Ag deireadh na bliana, bhí 1683 ciliméadar i gceist le bealaí líonra oibriúcháin IÉ, mar a bhí in 2016. Ní raibh aon athruithe suntasacha ar an líonra nó ar phatrún oibriúcháin na dtraenacha.

Tháinig méadú 6.3% ar thurais ag paisinéirí ar líon na dturas in 2016, go dtí 45.5 milliún (Figiúr 1) rud lena léirítear an téarnamh leanúnach sa gheilleagar agus figiúr is ionann le buaicphointe na dturas a chonacthas in 2007. Is féidir a bheith ag súil leis go leanfaidh treocht an mhéadaithe ar líon na dturas ag paisinéirí ar aghaidh le hinfheistíocht leanúnach i dTionscadail Bhonneagair lena n áirítear stáisiúin nua atá beartaithe (m.sh. Baile Pheiléid), an t-acomhal le hiarnród éadrom a osclaíodh





*Figiúr 1: Turais ag Paisinéirí ar IÉ 2003-2017*

le déanaí ag Droichead Broom, athchomharthaíocht i lár na cathrach, agus srianta sealadacha luais á mbaint amach trí bhallasta a ghlanadh. Ar bhonn níos fadtéarmaí, méadófar le clár an leathnaithe ar an DART minicíocht na seirbhísí idir Baile Átha Cliath agus Droichead Átha, Cill Droichid, agus Má Nuad.

Tá an treocht fadtéarmach maidir le laghdú ar ghluaiseachtaí lastais le feiceáil i bhFigiúr 2. Baineadh buaicphointe thart ar 5 mhilliún km-traenach amach in 2005 ach tháinig laghdú tapa ar sin ina dhiaidh tar éis cinntí straitéiseacha oibriúcháin lenar laghdaíodh trácht lastais. Thart faoin am sin, chuaigh km-paisinéirí in airde go mór, ag baint buaicphointe amach in 2008. Tá Iarnród Éireann tar éis a bheith ag féachaint ar roghanna chun seirbhísí lastais a leathnú tar éis nach ndeachaigh km-lastais aon cheo in airde ó 2010, cosúil le traenacha lastais níos faide a thástáil, ach níor éirigh le IÉ an laghdú a chur ina cheart fós.

Ní thomhaistear le córais tomhais na km-traenach méid traenach, tomhaistear díreach an traein a bheith rite, mar shampla, i rith an chúlaithe ar an ngeilleagar, ritheadh traenacha 4 charranna in áit traenacha 8 gcarranna a bhí leathfholamh. Ag am scríofa seo, táthar flít ghníomhach iomlán na ICRanna, DMUanna agus EMUanna á gcur chun feidhme arís, agus táthar ag féachaint ar roghanna chun inniúlacht a mhéadú, lena n-áirítear 28 carráiste a athchóiriú.





*Figiúr 2: Ciliméadair traenach ar líonra IÉ 2003-2017*

Ó 2003, tá laghdú suntasach déanta ag Iarnród Éireann ar líon na bhfostaithe (Figiúr 3), ach ní dheachaigh an treocht seo aon cheo in airde le cúig bliana anuas, agus mórán an líon céanna foirne ann go seasta ó 2013. Agus méad an tráchta paisinéirí agus lastais ag tosú ar a bheith ag meadú arís, tá sé ríthábhachtach go mbeidh mais chriticiúil de bhaill foirne inniúla ann go gcoinneofar sábháilteacht oibriúcháin agus bhonneagair ar bun.

### 2.2.2 Staitisticí Iarnród Éireann faoi Bhásanna & Ghortuithe

Léirítear le Tábla 1 na básanna agus na gortuithe a d'fhág gur cailleadh am, a tuairisíodh a tharla d'fhostaithe chomh maith le básanna agus gortuithe do thríú páirtithe ar an líonra iarnróid náisiúnta i gcomhair na mblianta 2006 go 2017.




*Figiúr 3: Pearsanra i mbun fostaíochta lánaimseartha le IÉ*

*Tábla 1: Staitisticí bhásanna & ghortuithe oibriúcháin IÉ de réir na bliana*

| Catagóir | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do phaisinéir ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagair iarnróid: gortuithe do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 1 | 1 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus nár bhain le traein | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagar iarnróid: gortuithe marfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach d'fhostaí ag crosaire comhréidh de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí de bharr traein a bheith ag gluaiseacht (seachas ag crosaire comhréidh) | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach d'fhostaí agus nár tharla de bharr traein a bheith ag gluaiseacht | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe marfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú marfach de bharr traein a bheith ag gluaiseacht, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach do chustaiméir nó do chuairteoir, gan baint ag aon traein leis | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú marfach a bhain le traein a bhí ag gluaiseacht ar iarnród nó ar chrosaire comhréidh lenar tugadh le fios gur foghail nó bás amhrasach a bhí i gceist | 7 | 5 | 8 | 3 | 8 | 7 | 5 | 4 | 6 | 2 | 5 | 9 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do phaisinéirí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein, ní ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir ag taisteal ar thraein de bharr tionóisce traenach ag crosaire comhréidh | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag iarraidh dul isteach nó amach as traein | 55 | 50 | 43 | 17 | 64 | 46 | 41 | 39 | 45 | 48 | 79 | 57 | |
| Gortú do phaisinéir a bhí ag taisteal ar thraein, seachas i dtionóisc traenach | 41 | 35 | 22 | 40 | 28 | 10 | 27 | 43 | 18 | 15 | 31 | 33 | |
| **Bonneagar iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do thríú páirtí** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain do thríú páirtí ag crosaire comhréidh agus a bhain le traein | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú d'úsáideoir crosaire comhréidh nár bhain le traein | 0 | 1 | 1 | 1 | 0 | 2 | 5 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Bonneagar iarnróid: Gortuithe neamh-mharfacha do dhaoine eile** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú do chustaiméir nó do chuairteoir ar áitreabh | 72 | 70 | 54 | 56 | 85 | 113 | 116 | 193 | 205 | 146 | 192 | 321 | |
| Gortuithe do dhaoine eile, daoine neamhúdaraithe san áireamh | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 5 | 3 | 0 | 1 | 2 | 6 | |
| **Oibriúcháin iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 15 | 7 | 8 | 13 | 11 | 7 | 13 | 5 | 21 | 3 | 1 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 38 | 36 | 37 | 31 | 27 | 22 | 32 | 39 | 43 | 32 | 30 | 30 | |
| **Bonneagar Iarnróid: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 2 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 31 | 42 | 42 | 34 | 30 | 23 | 32 | 41 | 25 | 6 | 23 | 22 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ag crosaire comhréidh ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 2 | 4 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 2 | 0 | 3 | 1 | |
| **Aonán i gceannas ar an gcothabháil agus ar cheardlanna chothabhála: gortuithe neamh-mharfacha d'fhostaithe** | | | | | | | | | | | | | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a bhain le gluaiseacht traenach nó tionóisc traenach | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| Gortú a bhain d'fhostaí, a d'fhág gur cailleadh am oibre, agus a tharla le linn dó/di a bheith ag obair ar an iarnród ach ní de bharr traein a bhí ag gluaiseacht | 30 | 36 | 27 | 21 | 10 | 18 | 10 | 14 | 18 | 13 | 11 | 10 | |


### 2.2.2.1 Gortuithe Marfacha

Níor tharla aon bhásanna nó ghortuithe tromchúiseacha i gcás paisinéirí in 2017. Tharla naoi ngortú bhásmhara ar an iarnród áfach, arb é an ráta is airde é le 12 bhliain anuas é, agus méadú ar an dhá cheann a taifeadadh in 2015, rud atá ina údar aiféala. Cuireadh gach ceann de na básanna seo i gcatagóir mar bhásanna do threaspásóirí. Tagraíonn an CRI do bhreith chrónéara, i gcás go mbíonn sin ar fáil, chun cabhrú leis na cúinsí maidir le bás a aicmiú

### 2.2.2.2 Gortuithe do Phaisinéirí (Custaiméirí & Cuairteoirí)

Tugann na sonraí le fios go dtarlaíonn an chuid is mó d'eachtraí do dhaoine i rith a gcuid ama ag stáisiúin seachas am a chaitheann siad ar thraenacha. Bíonn seo coitianta i gcás go leor iarnród mar gheall nach mbíonn paisinéirí ag gluaiseacht mórán nuair a bhíonn siad ar bord traenach.

Cosúil le blianta eile, ba iad gortuithe do dhaoine (custaiméirí nó cuairteoirí) ar áitreabh iarnróid an grúpa aonair is mó, agus is é sleamhnú, tuisliú agus titim ba mhinice ab údar leis na gortuithe sin. Tháinig méadú suntasach ar ghortuithe do chustaiméirí agus do chuairteoirí ar áitreabh in 2017, ag méadú ó 192 in 2016 go 321 in 2017 (Figiúr 4). B'fhéidir go bhfuil seo de thoradh gortuithe a bheith á dtuairisciú agus á dtaifeadadh níos fearr, ach is dócha go mbaineann sé leis an méadú foriomlán ar líon na bpaisinéirí freisin. Is minic gur eachtraí mionchúiseacha a bhíonn i gceist leo sin agus tugtar cóireáil chéadchabhrach ag stáisiúin de ghnáth nuair a tharlaíonn siad.





*Figiúr 4: Staitisticí faoi Ghortuithe do Phaisinéirí de réir na bliana*

### 2.2.2.3 Gortuithe d'Fhostuithe

Faoi mar a bhí amhlaidh i dtuairisc na bliana anuraidh, cuirtear gortuithe d'fhostaithe i gcatagóir ar an gcéad dul síos de réir earnáil an chórais iarnróid ina n-oibríonn siad, .i., Oibriúcháin Iarnróid, Cothabháil/tionscadail bhonneagair agus Aonán i gCeannas ar Chothabháil *(ECM)*[1].


Tá an t-ardú suntasach ar Eachtraí a D'fhág Gur Cailleadh Am (LTI) a bhain le gluaiseachtaí traenacha in 2014 curtha ina cheart agus níor tharla aon chás dá leithéid d'fhostaí a bhain le gluaiseachtaí traenach in 2017 (Figiúr 5). Is dócha gurb amhlaidh seo de thoradh tionscnamh sábháilteacha leanúnach amhail *"Accident Free Depends on Me"* agus tuairisceoireacht *"Close Call"*.





*Figiúr 5: Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Oibriúcháin Iarnróid)*

[1] Eagraíochtaí is ea ECManna a dheimhnítear chun tabhairt faoi rothstoc a chothabháil, feithiclí lastais de ghnáth ach traenacha paisinéirí freisin i gcás Iarnród Éireann – Gnóthas Iarnróid.

D'fhan líon na ngortuithe d'fhostaithe i ngnó an bhonneagair iarnróid mórán mar a bhí in 2017 (Figiúr 6), agus is cosúil gur rud aimhrialta a bhí sa laghdú a chonacthas in 2015, agus tá an treocht i gcás an ECM ag leanúint ar aghaidh leis an laghdú mall a chonacthas ó 2014 (Figiúr 7).




*Figiúr 6: Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (Bonneagar Iarnróid)*





*Figiúr 7: Staitisticí faoi Ghortuithe d'Fhostuithe de réir na bliana (ECM Bonneagair)*

### 2.2.3 Staitisticí Iarnród Éireann maidir le Tionóiscí Oibriúcháin

#### 2.2.3.1 Imbhuailtí Traenach


Is féidir riosca suntasach a bheith ag baint le himbhuailtí traenach do phaisinéirí, chriú agus thriú páirtithe. D'fhéadfaidís a bheith ina n-údar díobhála suntasaí do dhaoine agus don chomhshaol. Léirítear le Figiúr 8 an treocht maidir le himbhuailtí ó 2003. Tacaíonn Tábla 2 agus Figiúr 9 le Figiúr 8 chun cabhrú leat na sonraí a thuiscint. Tá dhá chatagóir dealaithe óna chéile, 'Líon Iomlán Imbhuailtí le Constaicí ar an Líne' agus 'Imbhuailtí Traenach le hainmhithe móra', chun infheictheacht na sonraí a bhreisiú toisc nach mór an chabhair iad na sonraí ina n-aonar. Taispeánann na sonraí foriomlána gur tharla laghdú ón mbuaicphointe in 2016, rud a thagann níos mó leis an treocht idir 2003 agus 2008.




*Figiúr 8: Imbhuailtí Iomlána de réir na bliana*

| Catagóir | 2003 | 2004 | 2005 | 2006 | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 | 2011 | 2012 | 2013 | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | Treocht |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Imbhualadh traenach le traein phaisinéirí nó traein earraí ar líne reatha** | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach/ feithicle iarnróid sa stáisiún nó á gluaiseacht le sealbhú** | 2 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 1 | 1 | 1 | 2 | |
| **Imbhualadh traenach le mótar-fheithicil ag crosaire comhréidh** | 1 | 2 | 2 | 1 | 4 | 4 | 0 | 2 | 1 | 2 | 1 | 2 | 0 | 0 | 3 | |
| **Imbhualadh traenach le coisí ag crosaire comhréidh** | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach le geataí faoi fhreastal ag crosaire comhréidh** | 2 | 4 | 2 | 2 | 2 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach le mótar-fheithicil a bhí ag bacadh na líneach (ní ag crosaire comhréidh)** | 2 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 1 | 1 | 0 | |
| **Imbhualadh traenach le constaic eile ar an líne** | 4 | 10 | 8 | 5 | 9 | 17 | 10 | 1 | 7 | 6 | 7 | 29 | 1 | 31 | 25 | |
| **Imbhualadh traenach le hainmhí nó ainmhithe móra ar an líne** | 43 | 40 | 42 | 43 | 42 | 33 | 20 | 24 | 35 | 26 | 29 | 9 | 29 | 35 | 23 | |
| **IOMLÁN** | **54** | **56** | **55** | **53** | **58** | **56** | **31** | **29** | **43** | **36** | **39** | **41** | **33** | **68** | **53** | |

*Tábla 2: Mionsonraí Staitisticí na nImbhuailtí Traenach de réir na bliana Cuid 1*





*Figiúr 9: Mionsonraí Staitisticí faoi Imbhuailtí Traenach de réir na bliana, cuid 2*

Tá laghdú tagtha ar líon iomlán na n-imbhuailtí traenach chuig 53 in 2017 ó 68 in 2016 ach is é is mó is údar leis sin ná laghdú ar imbhuailtí le hainmhithe móra. Bhí roinnt míshocrachta sna sonraí idir 2013 agus 2017, ach taispeánann na treochtaí go bhfuil sé fós ina údar imní. Faoi mar a pléadh i dtuairiscí roimhe, cuireann ainmhithe (fianna, eallach agus caoirigh) go mór le staitisticí na n imbhuailtí in Éirinn. Leanann Iarnród Éireann ar aghaidh le bheith ag infheistiú i gcórais chlaíocha chun bac a chur ar nithe a bheith ag dul ar a n-iarnród. Lena chois sin, ba cheart go gcuideodh an laghdú ar líon na gcrosairí comhréidhe le deich mbliana anuas leis an treocht seo.

### 2.2.3.2 Crosairí Comhréidhe


Riosca suntasach is ea crosairí comhréidhe don iarnród agus d'aon tríú páirtí a úsáideann iad. Tá laghdú ar líon na gcrosairí comhréidhe ina threocht atá fadbhunaithe anois, faoi mar a léirítear le Figiúr 10 agus Figiúr 11; bhí 1701 crosairí comhréidhe ann in 2004 in aghaidh 945 a taifeadadh i gcomhair 2017, laghdú ar 2016 arb é dúnadh na gcrosairí comhréidhe agus baint amach na gcrosairí comhréidhe ar líne Phort Láirge-Ros Láir a dúnadh is mó is cúis leis.

Léirítear le Figiúr 10 líon athraitheach na gcrosairí comhréidhe ar línte gníomhacha, .i., ní ar línte dúnta nó nach bhfuil in úsáid. Chabhraigh iarrachtaí leanúnacha ag Iarnród Éireann go mór leis an riosca a bhaineann le crosairí comhréidhe a laghdú.




*Figiúr 10: Líon na gCrosairí Comhréidhe de réir na bliana*


Léirítear le Figiúr 11 miondealú na gcrosairí comhréidhe de réir cineáil agus bliana in Éirinn.  Is iad crosairí comhréidhe éighníomhacha ar bhóithre poiblí, lena gceanglaítear ar an úsáideoir bóthair geataí a oscailt agus a dhúnadh de láimh, fós an cineál crosaire comhréidh is contúirtí, agus crosairí comhréidhe éighníomhacha 'De Chineál Goirt' beagán ina dhiaidh. Chonacthas laghdú le blianta beaga anuas ar an infheistíocht chun crosairí comhréidhe a bhaint amach nó a uasghrádú. Tá Iarnród Éireann i mbun athbhreithnithe faoi láthair ar dhearthaí nuálacha teicneolaíochta chun sábháilteacht agus oibriúchán ag crosairí comhréidhe a oibríonn an t-úsáideoir, a bhreisiú agus iad ag feidhmiú faoi shrianta teanna buiséid.




*Figiúr 11: Crosaire Comhréidh de réir cineáil in Éirinn*

### 2.2.3.3 Comharthaí Contúirte a nDeachthas Tharstu (*SPAD*)

Sainmhínítear *SPAD* mar rud atá tarlaithe nuair a théann traein thar chomhartha stad (dearg) gan údarás. Eachtra réamhchúrsa áirithe is ea *SPAD*anna ar a ndéanann an CRI montóireacht go rialta i rith a chuid cruinnithe maoirseachta le IÉ. Laghdú seasta is ea an treocht atá ann le blianta beaga anuas, agus ba iad na sonraí i gcomhair 2017 na sonraí ab ísle go dtí seo (Figiúr 12), rud a tháinig de thoradh aire leanúnaí ar na factóirí ab údar le *SPAD*anna a imscrúdú agus a anailísiú.




*Figiúr 12: SPADanna IÉ de réir na bliana*

### 2.2.3.4 Traenacha ag Imeacht de na Ráillí

Fanann líon na gcásanna ina n-imíonn traenacha de na ráillí ar leibhéil ísle agus níl aon athrú tagtha orthu ó 2016 (Figiúr 13). Gníomhaíochtaí tábhachtacha is ea cigireacht agus cothabháil ar rianta a dhéantar mar chuid den ghnáthamh, lena laghdaítear an dóchúlacht go dtarlóidh cásanna ina n-imíonn traenacha de na ráillí. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh faireachas ó fhostaithe iarnróid a oibríonn i dtaobhlaigh, in éineacht le córais oibre sábháilte a thuigeann an foireann iarnróid, líon na gcásanna den chineál seo a laghdú.

Tá an treocht, a bhí ag ardú de bheagán, ó thaobh traenacha ag imeacht de na ráillí i dTaobhlaigh IÉ ó 2013-15 curtha ina cheart. In 2017, bhí aon chás amháin dá leithéid ann nó de thraein a chuaigh salach ar líne reatha agus ceithre chás ina ndeachaigh traein de na ráillí i dtaobhlaigh IÉ. Ní bhaineann mórán rioscaí leis na cásanna sin i dtaobhlaigh de ghnáth, ach déanfaidh an CRI monatóireacht leanúnach orthu mar sin féin.


### 2.2.4 Eachtraí ar Rothstoc Iarnród Éireann

Oibríonn Iarnród Éireann roinnt flíteanna difriúla chun seirbhísí iarnróid a sholáthar. Áirítear leo siúd:

- Ilionad Díosail Idirchathrach (Aicme 22000)
- Ilionad Díosail (Aicmí 29000, 2800, 2600)
- Ilionad Leictreach (Aicmí 8100, 8200, 8500)
- Gluaisteoirí (Aicmí 201, 071)
- Carráistí Paisinéirí (Mark IV agus DeDietrich)
- Vaigíní lastais (de chineálacha éagsúla)

Baineann roinnt táscairí feidhmíochta buntábhachtacha ó thaobh na sábháilteachta le rothstoc (Figiúr 14), go sonrach:

- Tionóiscí dóiteáin nó gail
- Traein ag scoilteadh (ag dul ina pháirteanna) i mbun seirbhíse
- Cliseadh ar Imthaca Acastóra Rothstoic
- Trioblóidí le Doirse





*Figiúr 13: Traenacha a Chuaigh de na Ráillí de réir na Bliana*

D'fhéadfadh cásanna ina gcliseann ar rothstoc a bheith ina n-údar tubaistí ollmhóra. D'fhan líon na gcásanna inar tharla a leithéid an-íseal in 2017. Bhí laghdú ar líon na ndóiteán, ach tháinig méadú dá réir ar líon na saincheisteanna a bhain le hacastóirí agus doirse.

### 2.2.5 Eachtraí maidir le Bonneagar Iarnród Éireann


Oibríonn agus cothabhálann IÉ líon mór sócmhainní bonneagair lena n-áirítear rianta, stáisiúin, droichid, lintéir, tolláin, crosairí comhréidhe, foirgnimh, gearrthóga agus claífoirt, pointí agus crosairí, comharthaí srl. nach mór cigireacht agus cothabháil a dhéanamh orthu ar fad chomh minic agus a fhorordaítear de réir a bhfuil i gceist. D'fhéadfadh cliseadh ar shócmhainní tarlú mar gheall ar aois agus strustuirse agus tá iliomad struchtúr leagáide i líonra iarnróid na hÉireann mar dhroichid agus líntéir. Íoslaghdaítear an riosca go dtarlódh cliseadh tubaisteach ollmhór trí dhianchláir chigireachta agus chothabháil choisctheach. Tarlaíonn eachtraí ó am go chéile áfach agus cuirtear sonraí a bhaineann le cuid díobh sin i láthair anois.




*Figiúr 14: Tionóiscí Rothstoic de réir na bliana*

### 2.2.5.1 Ráillí agus Lioscáin Bhriste

Déanann Iarnród Éireann cigíreacht ó amharc ar na rianta uair amháin in aghaidh na seachtaine ar a laghad agus déantar tástáil ultrasonach ar na ráillí gach 2 bhliain ar a laghad, agus déantar tástáil ar fhormhór mór na ráillí ar bhonn bliantúil. Bhí dhá ráille bhriste ar líne lena n-iompraítear paisinéirí in 2017, rud a thagann le treocht, a léiríonn go bhfuil cásanna dá leithéid ag dul in ísle ar an iomlán, atá ar bun ó 2003 (Figiúr 15). Cé nár tháinig tionóisc traenach astu sin, réimse is ea é a bhfanann Iarnród Éireann san airdeall ina leith. Déanann an CRI grinn-mhonatóireacht ar bhainistíocht Iarnród Éireann ar a chuid sócmhainní trí chruinnithe maoirseachta, chigireacht agus iniúchóireachtaí rialta.




*Figiúr 15: Ráillí Briste de réir na bliana*





*Figiúr 16: Lioscáin Scoilte nó Bhriste ar Líonra IÉ, de réir na bliana.*

Nasc boltáilte speisialta a cheanglaíonn dhá ráille le chéile is ea lioscán. Leanann an treocht maidir le 'Lioscáin Scoilte nó Bhriste' ar aghaidh sa treo, atá ag dul in ísle ar an iomlán, a chonacthas ó 2003 (Figiúr 16). Tar éis ardú beag in 2012, tugadh laghdú suntasach faoi deara i gcomhair 2013, agus an treocht sin ag leanúint ar aghaidh go dtí 2017. D'fhéadfaí an laghdú sin a chur síos do ráille táite leanúnach (CWR) a suiteáladh faoin gClár Infheistíochta i Sábháilteacht Iarnróid. (1998-2013).

#### 2.2.5.2 Cásanna inar Buaileadh Droichid

D'fhéadfadh droichead iarnróid a bheith ina bhóthar thar an iarnród nó b'fhéidir go n-iompródh an droichead an t-iarnród thar bhóthar. Is éard a bhíonn i gceist le cás ina bhuailtear droichead mar sin ná feithicil bhóthair ag bualadh uchtbhalla nó srianadh an droichid ar thaobh an bhóthair thar an droichead, nó feithicil bhóthair a bheidh ag bualadh thaobh íochtair droichid iarnróid thar bhóthar. D'fhéadfadh iarmhairtí iontach tromchúiseach a bheith i gceist leis an dá chineál eachtra, i gcúinsí áirithe agus ba cheart d'úsáideoirí bóthair a bheith ar a n-aire go mór agus iad ag tiomáint i ngar don iarnród. Má bhítear ag tiomáint feithicile ollmhóire, ba cheart do thiománaithe feithiclí bóthair airde a bhfeithicle a bheith ar eolas acu.

Tháinig titim ar líon iomlán na gcás inar bualadh droichid, .i. faoin droichead agus thar an droichead, in 2017 i gcomparáid le 2016 (84 in aghaidh 93 in 2016) agus cásanna inar bualadh taobh íochtair an droichid ab ea tromlach na gcásanna (Figiúr 17). Ar an iomlán, d'fhan an treocht maidir le cásanna inar tharla bualadh faoi agus thar dhroichid mórán mar a chéile ó 2008.




*Figiúr 17: Droichid Iarnróid ar bhuail feithiclí bóithre iad*

## 2.3 Balfour Beatty Rail Ireland

Aicmítear *Balfour Beatty Rail Ireland* Teoranta (BBRI) mar Ghnóthas Iarnróid (GI) faoin Acht um Shábháilteacht Iarnróid 2005, faoi mar a leasaíodh agus mar sin ceanglaítear orthu Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) faofa a bheith acu. Faoin Rialachán ón gCoimisiún (AE) Uimh. Uimh.1158/2010 maidir le comh-mhodh sábháilteachta chun comhfhoirmeacht, leis na ceanglais chun deimhniú sábháilteachta a fháil, a mheasúnú, eisíodh Deimhnithe Sábháilteachta Chodanna A agus B, lena gclúdaítear oibriú inneal ar rianta (OTManna) thar líonra Iarnród Éireann do *Balfour Beatty Rail Ireland* Teoranta *(BBRI)* an 24ú Feabhra 2014.

Ceanglaítear leis seo orthu an dlí ábhartha céanna a chomhlíonadh is a chomhlíonann Glanna eile agus iad i mbun gluaiseachtaí ar líonra IÉ. Cé nach n-iompraíonn siad paisinéirí, bíonn a gcuid gníomhaíochtaí criticiúil don tsábháilteacht agus d'fhéadfaidís a bheith ina n-údar díobhála suntasaí mura rialaítear i gceart iad.

Eagraíocht réasúnta beag is ea *BBRI,* agus tá sé tugtha le fios acu don CRI go bhfuil 57 fostaí acu (agus iad leathnaithe ón 45 a bhí acu ar dtús). Ní fheidhmíonn *BBRI* aon seirbhísí do phaisinéirí agus soláthraíonn siad go leor dá gcuid seirbhísí taobh amuigh de na buaicthréimhsí agus de thréimhsí i rith an lae. Ba é 118,848km líon iomlán na km-traenach i gcomhair 2017, méadú ar an 108,526km in 2016.

Léirítear le Tábla 3 na tarlúintí tuairiscithe do *BBRI* in 2017, lena n-áirítear aon *SPAD* agus dhá chás ina ndeachaigh traein de na ráillí. Méadú is ea é seo ar eachtraí suntasacha thar an mbliain roimhe, mar nach raibh ach aon eachtra intuairiscithe amháin a bhain le traein a bheith rite trí phointí. Tá imscrúdú déanta ar na heachtraí agus gníomhartha déanta chun an seans go dtarlóidís arís a íoslaghdú.

*Tábla 3: Tarlúintí ar BBRI 2017*

| Tarlúint | Líon na gCásanna |
|---|---|
| *SPAD* | 1 |
| Imeacht de na Ráillí | 2 |
| Mionghortuithe ceirde | 2 |
| Eachtraí lena ndearnadh damáiste do bhonneagar iarnróid | 20[4] |




## 2.4 Staitisticí *Transdev* (Luas)

Tá *Transdev* tar éis a bheith ag oibriú chóras iarnróid éadroim an Luas ó tosaíodh ar an oibriúchán i mí Mheitheamh 2004. Ba é 37.6 milliún líon na dturas ag paisinéirí in 2017, i gcomparáid le 34.1. milliún in 2016 agus tháinig méadú ar chiliméadair na dtramanna ó 3.59 milliún go 3.91 milliún (Figiúr 18). Tá sé le feiceáil go bhfuil an treocht fadtéarmach ag leanúint ar aghaidh maidir le hardú a bheith ag teacht ar líon na dturas ag paisinéirí agus aisiompaíodh laghdú beag a chonacthas sa bhliain roimhe, a tharla toisc gur dúnadh an Líne Dhearg ó Shráid Jervis chuig Conghaile agus An Pointe (6 de na 32 stad is gnóthaí) ar feadh sé seachtaine i rith obair thógála Luas Traschathrach (LCC), agus gníomhartha tionsclaíocha ar roinnt laethanta. Osclaíodh Luas Traschathrach an 09/12/2017 agus d'fhéadfadh cion beag den mhéadú seo mar sin a bheith mar gheall ar líon ardaithe na bpaisinéirí thar leathnú nua na Líne Glaise.


### 2.4.1 Imbhuailtí Tráchta ar Bóithre

Maireann an Luas in éineacht le trácht poiblí agus ar na bóithre ar feadh codanna suntasacha dá ailíniú, i lár na cathrach go háirithe. Oibríonn an Luas trí 'líne amhairc' go príomha, mar a bhíonn i gceist de ghnáth le formhór na gcóras iarnróid éadroim timpeall an domhain, ach i gcodarsnacht le hiarnród trom. Toisc go roinneann an Luas codanna den charrbhealach le feithiclí bóthair agus úsáideoirí eile bóithre, d'fhéadfadh imbhuailtí tráchta ar bhóithre agus imbhuailtí le coisithe agus rothaithe tarlú, agus is fíor go dtarlaíonn siad.





*Figiúr 18: Líon na dturas ag paisinéirí Luas 2009-2017*

Tá ardú tagtha ar líon na n-imbhuailtí tráchta ar bhóithre go dtí 29 in 2017 ó 23 in 2016 (Figiúr 19). Bhí tromlach an ardaithe seo ar an Líne Ghlas, líne nár tharla ach aon imbhualadh amháin air in 2016 agus sé chinn in 2017. Bhí tromlach na gcásanna seo i limistéar Fhearchair, agus níor taifeadadh aon chinn ar an líne Traschathrach i rith na haon mhí de 2017 ina raibh sé oscailte. Tháinig ardú ar líon na n-imbhuailtí tráchta ar bhóithre in aghaidh na milliún km-tram in 2017, i gcomparáid le 2016 (Figiúr 20) ach níor sroicheadh buaicphointí 2013/2014.





*Figiúr 19: Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre & tram i gceist*




*Figiúr 20: Líon na nImbhuailtí Tráchta ar Bhóithre in aghaidh na milliún km rite*

### 2.4.2 Teagmháil idir Tram / Duine

Tarlaíonn tromlach suntasach na n-eachtraí mar a dteagmhaíonn tramanna agus coisithe nó rothaithe le chéile i agus timpeall lár chathair Bhaile Átha Cliath. Oibrítear Líne Dhearg an Luais go háirithe trí 41 acomhal comharthaithe atá ar grád. Baineann riosca níos mó le hacomhail dá leithéid go dtiocfaidh tram i dteagmháil le daoine. Tharla naoi n-eachtra dá leithéid in 2017 (Figiúr 21), méadú beag ar an treocht le roinnt blianta anuas. As a measc sin, rothaithe ab ea triúr a bhí i gceist agus seisear coisí agus tharla seacht n-eachtra ar an Líne Dhearg agus dhá cheann ar an Líne Ghlas.




*Figiúr 21: Daoine a tháinig i dteagmháil le Tram*


### 2.4.3 Tramanna a Chuaigh de na Ráillí

Ní dheachaigh aon tram de na ráillí in 2017, ach tharla dhá chás dá leithéid in 2016 (Figiúr 22). Tharla an cás roimh in 2010 áfach mar sin is cosúil gur cás aimhrialta a bhí i gceist in 2016 agus ní bhfuarthas aon fhabhtanna i gceachtar eachtra sa bhliain sin leis an mbonneagar ná an rothstoc.


### 2.4.4 Cásanna inar Feidhmíodh Coscáin Éigeandála Tramanna

Le cois na gcoscán caighdeánacha, tá coscán leictreamaighnéadach rianta suiteáilte i dtram. Bíonn cásanna ann mar a gcaithfidh tiománaí an Coscán Éigeandála (CÉ) seo a fheidhmiú chun eachtra díobhálach a chosc. Mar sin, b'fhéidir gur príomh-tháscaire sábháilteachta úsaideach a bheadh i líon na gcásanna inar bhfeidhmíonn tiománaithe tramanna an coscán seo mar Choscán Éigeandála (CÉ).

Bhí 798 cás inar feidhmíodh na CÉanna in 2017, arb ionann sin agus méadú 51% ar chásanna 2016 agus an líon ab airde ó 2005 (Figiúr 23). Cúis fhéideartha amháin leis an méadú seo is ea oiliúint a tugadh i rith 2017 do ghrúpa nua tiománaithe ar cosúil gur dóchí go mbeidh siad ag brath ar an CB. Tá an CRI ag déanamh anailíse chun an méadú seo ar fheidhmiú na gcoscán éigeandála a thuiscint níos fearr.




*Figiúr 22: Tramanna a chuaigh de na ráillí*





*Figiúr 23: Cásanna inar Feidhmíodh na Coscáin Éigeandála*

## 2.5 Staitisticí Iarnróid Tionsclaíoch Bhord na Móna

Tá sainordú an CRI ó thaobh a mhaoirseachta ar iarnród tionsclaíoch Bhord na Móna (BNM) srianta chuig na háiteanna mar a dteagmhaíonn sé le bóithre poiblí. Bíonn na comhéadain seo ag crosairí comhréidhe agus mar a bhfuil droichid thar an iarnród tionsclaíoch. Ó thaobh staitisticí buntábhachtacha maidir leis an mbonneagar, tá 99 crosairí comhréidhe agus 50 íosbhealach ann, a bhfuil 47 díobh faoi bhóithre agus trí chinn faoi línte iarnróid Iarnród Éireann.

Thuairiscigh Bord Na Móna go ndeachaigh aon traein amháin de na ráillí agus gur tharla ceithre eachtra/tionóisc ag crosairí comhréidhe in 2017 (Figiúr 24), cé go ndeachaigh an traein de na ráillí ag crosaire comhréidh agus mar sin, gurb ionann é sin agus aon cheann amháin den cheithre eachtra ag crosairí comhréidhe. Eachtraí réasúnta mionchúiseach ab ea dhá cheann de na heachtraí ag crosairí comhréidhe a bhain le hoibriú na ngeataí, agus bhain an tríú ceann le mionteagmháil le feithicil. Rinne an eagraíocht imscrúdú ar gach eachtra agus shonraigh gníomhartha chun an dóchúlacht go dtarlódh sé arís a laghdú.




*Figiúr 24: Traenacha Bhord na Móna a chuaigh de na ráillí agus eachtraí/tionóiscí ag crosairí comhréidhe*

## 2.6 Iarnróid Oidhreachta

Sainmhínítear iarnród oidhreachta i reachtaíocht na hÉireann mar '*duine nach bhfeidhmíonn seirbhísí traenach nó bonneagair iarnróid ach chun críocha staire nó suime ó thurasóirí.*' Déanann an CRI montóireacht ar oibriúcháin deich n-iarnród oidhreachta féinchoinnithe. Is iad seo thíos iad:

- Iarnród an Chabháin agus Liatroma[2]
- Iarnród Thrá Lí agus an Daingin[2]
- Iarnród Loch Difflin, Páirc Oakfield, Ráth Bhoth
- Iarnród Iarthar an Chláir[2]
- Iarnród Bhaile na Finne & na nGleannta
- Iarnród Phort Láirge agus Ghleann na Siúire (W&SVR)
- *Railway Preservation Society of Ireland* (RPSI)
- Iarnród Oidhreachta an Loilíoch Mór
- Aonráille *Lartigue* Lios Tuathail
- *Irish Steam Preservation Society* An Sráidbhaile

Thug an CRI d'údarás do na hiarnróid oidhreachta ar fad Córas Bainistíochta Sábháilteachta (CBS) a dhoiciméadú go bhfaomhfadh an CRI (an CSI mar a bhí) faoin 1ú Eanáir 2014 é, ar aon dul le caighdeáin Eorpacha.

Leagtar amach le treoirlíne de chuid an CRI 'RSC-G-022' (Eagrán 2), a foilsíodh an 21ú Eanáir 2013, na heilimintí a chaithfidh iarnród oidhreachta a chur isteach ina Chóras Bainistíochta Sábháilteachta.

Níor tuairiscíodh aon tionóiscí nó eachtraí don CRI in 2017 ar aon cheann de na hiarnróid oidhreachta.

Cás iarnróid oidhreachta speisialta is é an *Railway Preservation Society of Ireland* (RPSI) toisc go bhfuil Deimhniú Sábháiltachta acu lena gceadaítear dóibh oibriú mar Ghnóthas Iarnróid (GI) a oibríonn traenacha oidhreachta arna dtarraingt le gal agus díosal ar líonra iarnróid Iarnród Éireann. Mar GI faoin Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid ón Eoraip, bíonn siad faoi réir réimis mhaoirseachta dhifriúil a thagann leis na rioscaí a thugann siad isteach ar líonra Iarnród Éireann. Mar GI, tá deimhniú sábháilteachta faighte ag an RPSI bunaithe ar inghlacthacht a Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta, agus déanann an CRI maoirseacht ar chomhlíonadh an chórais sin acu freisin.

Rith an *RPSI* isteach is amach 5161 míle (8301 km) in 2017, laghdú beag ar 2016 (6000 míle), le haon mhionghortú amháin do phaisinéir. Tuairiscíodh aon eachtra amháin in 2017, a bhain le himbhualadh leis na stadanna maolánacha i gConghaile, ach ba le hIarnród Éireann an gluaisteoir sin, agus IÉ á oibriú. Tá an CRI i mbun imscrúdaithe ar an tarlúint seo,

[2] Ní bhfuair na hiarnróid seo Deimhniú Bainistíochta Sábháilteachta ón CRI fós agus tuairiscíodh nach raibh siad i mbun feidhme in 2017




# 3 Uiríll ón bPobal

### 3.1 Réamhrá

Spreagann an CRI an pobal, paisineirí, foirne iarnróid agus daoine eile le hiad a chur ar an aire faoi aon bhuairimh ó thaobh na sábháilteachta iarnróid. Bíonn áiseanna ar fail chun dul i dteagmháil leis an CRI ar an bhfón, ar an bpost, ar ríomhphost, nó trí shuíomh idirlín an CRI (**www.crr.ie**). Bíonn ionchur gach páirtí leasmhair san iarnród, lena n-áirítear fostaithe, paisinéirí, agus an pobal i gcoitinne luachmhar in obair an CRI chun an tsábháilteacht iarnróid a fheabhsú. I gcás go mbaineann na saincheisteanna seo le seirbhísí seachas sábháilteacht, treoraíonn an CRI an t-uiríoll chuig an aonán cuí. I gcás go mbaineann an cheist le sábháilteacht iarnróid, déanann an CRI a dhícheall, cibé cás gur féidir, chun déileáil leis an gceist go díreach. Lorgóidh an CRI faisnéis ón gcuideachta iarnróid chuí i gcás gur gá chun soiléiriú níos mó a fháil.

### 3.2 Sonraí agus Tráchtaireacht 2017

In 2017, fuair an CRI 57 uiríoll díreach nó indíreach a bhain le raon ceisteanna bonneagair agus oibriúcháin ó thaobh an iarnróid throm agus éadroim, aon cheann amháin níos lú ná a fuarthas in 2016 (Figiúr 25). As a measc sin, baineann 50 le hIarnród Éireann, a mbaineann dhá cheann díobh sin leis an mBainisteoir Bonneagair (BB-IÉ) chomh maith leis an nGnóthas Iarnróid (GI-IÉ), bhain 31 le GI-IÉ agus 17 le BB-IÉ. Fuarthas sé uiríoll a bhain le córas an LUAS (Iarnród Éadrom Bhaile Átha Cliath) (naoi gceann in 2017), aon cheann amháin do Bhord na Móna (BNM; iarnród tionsclaíoch príobháideach), agus aon fhiosrúchán amháin a bhaineann le líonra iarnróid na hÉireann i gcoitinne.




*Figiúr 25: Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir na bliana*


D'imscrúdaigh an CRI gach uiríoll agus i gcás gur gá, ghníomhaigh an CRI lena chinntiú go ndearna an Eagraíocht Iarnróid ábhartha gníomhartha ceartúcháin. Is é beartas an CRI go ndéanfar imscrúdú ar gach buaireamh a bhaineann leis an tsábháilteacht. Déantar uiríll a rianú go leanúnach le féachaint an dtagann na huiríll chéanna isteach arís agus chun treochtaí a bhrath. Má fheictear go dtarlaíonn ceachtar acu siúd, méadaítear gníomhaíochtaí monatóireachta chun na nithe is údar leo a dhéanamh amach agus aghaidh a thabhairt orthu.

Rinneadh tuilleadh anailíse ar uiríll ó 2017 agus miondealaíodh iad sna catagóirí seo a leanas:

- Sábháilteacht ag Stáisiúin: Fiosrúcháin a bhain le tionóiscí nó buairimh ag stáisiúin
- Sábháilteacht an Bhonneagair: Fiosrúcháin a bhain le Bonneagar Iarnróid mar dhroichid, rianta, crosairí comhréidhe nó claíocha
- Sábháilteacht Rothstoic: Fiosrúcháin a bhain le Feithiclí amhail feidhmíocht traenach, slándáil ráillí greime nó feidhmíocht doirse
- Sábháilteacht Oibriúcháin Traenach: Fiosrúcháin a bhain le gníomhaíochtaí amhail lódáil traenach, iomarca luais faoi thraenacha nó rith roinnte tramanna
- Sábháilteacht maidir le hOibriú Traenach: Fiosrúcháin a bhain le gníomhaíochtaí oibriúcháin ar an iarnród amhail rialáil an líonra nó rialú bainistíochta
- Iarraidh ar Fhaisnéis (catagóir nua i gcomhair 2017): Iarraidh ar an CRI faisnéis nár bhain go sonrach leis an tsábháilteacht iarnróid (tabhair do d'aire gur iarratais suaithinseacha iad seo, ar leith ó iarratais faoi Shaoráil Faisnéise)

Taispeántar líon na n-uiríoll/ngearán de réir an chatagóra le Figiúr 26. Níl an miondealú mórán difriúil i gcomparáid le 2016 ó thaobh líon foriomlán nó cineálacha na ngearán, agus is é laghdú ar líon na n uiríoll a bhaineann le hoibriúcháin traenach an phríomh-éagsúlacht; d'fhéadfadh sin a bheith ag baint le laghdú ar líon na ngearán a bhaineann le seirbhísí ró-phlódaithe.

Ní féidir cúiseanna áirithe a chur síos do na mionathruithe seo in uiríll, agus leanfaidh an CRI ar aghaidh le montóireacht ar na treochtaí as seo amach le haghaidh aon athruithe móra.




*Figiúr 26: Uiríll ón bPobal chuig an CRI de réir an chatagóra*



# 4 Treochtaí ó thaobh na Sábháilteachta Iarnróid san Eoraip

## 4.1 Réamhrá


Ó thaobh na hEorpa, sainmhínítear an CRI mar an tÚdarás Náisiúnta Sábháilteachta (ÚNS) don líonra iarnróid in Éirinn. Tá ÚNS ag gach ballstáit Eorpach, a gcaithfidh, de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid (2004/49/CE), a thuarascáil bhliantúil faoi 'Chomhtháscairí Sábháilteachta' a bhaineann le sábháilteacht iarnróid a chur faoi bhráid Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh d'Iarnróid (ERA). Déanann an Ghníomhaireacht anailís ar an tsábháilteacht iarnróid ar scála Eorpach faoi seach agus foilsíonn a thuarascáil. Ní chuirtear iarnród éadrom (Luas) nó córais 'metro' san áireamh i dtuarascálacha na Gníomhaireachta, ná córais iarnróid oidhreachta féinchoinnithe. Toisc go dtuairiscíonn na ÚNSanna ar bhonn bliana i riaráiste, ní raibh ach sonraí chomh fada le 2016 ar fáil don tuairisc seo. Asbhaineadh sonraí as Bunachar ERAIL a choinníonn an Ghníomhaireacht is atá ar fáil go poiblí. Stór is ea é do shonraí Eorpacha faoin tsábháilteacht iarnróid, mar a chuirtear isteach ag Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta. Cuirtear roinnt staitisticí atá ina n-údar spéise i láthair ón mbunachar sonraí seo. Is féidir sainmhínithe do chatagóirí sonraí a úsáidtear, i gcás nach luaitear iad, a lorg sa cháipéis *'Implementation Guidance for use of Common Safety Indicators',* a tháirgeann EUAR agus atá ar fáil ag **http://www.era.europa.eu/.**



## 4.2 Comparáidí idir na Líonraí

Cuirtear comparáidí i láthair thíos chun scála an tráchta ar Líonra na hÉireann a thaispeáint i gcomparáid le Ballstáit eile an AE. Tugtar na ciliméadair traenach (.i. líon na gciliméadar a thaistealaíonn traenacha gach bliain) le fios le haghaidh gach tíre le Figiúr 27.


Bíonn líon réasúnta beag de km-traenach ag Éirinn i gcomparáid le náisiúin eile na hEorpa, agus is é an seachtú ceann is lú as measc ghrupa an 29 é. Tá seo mar a bhféadfaí a bheith ag súil leis mar gheall ar mhéid agus dhlús dhaonra na hÉireann. Tháinig fás beag ar km-traenach na hÉireann idir 2015 agus 2016, mar aon le 14 tír eile san Eoraip agus chonacthas laghdú ar km-traenach in 12 thír agus d'fhan na figiúir do aon tír amháin mar an gcéanna. Chonacthas an méadú is mó ar km-traenach san Ungáir agus i dTollán Mhuir nIocht (16% agus 15% faoi seach) agus tháinig laghdú 11% ar km-traenach na Laitvia. I gcomparáid leis sin, tháinig méadú 0.54% ar km-traenach na hÉireann, rud beag níos ísle ná méanfhigiúr 1.49%.




*Figiúr 27: Iomlán na gciliméadar traenach (milliúin)*

Taispeántar le Figiúr 28 iomlán na gciliméadar a taistealaíodh ar líonra gach tíre i milliúin idir 2012-2016.


Is sa Ghearmáin (DE), san Fhrainc (FR) agus sa Ríocht Aontaithe a thaispeántar an úsáid ba throime as a líonra iarnróid ar an iomlán, agus idir 68 billiún (UK) agus 93 billiún (an Ghearmáin) ciliméadair ag paisinéirí in 2016. I gcodarsnacht leis sin, bhí beagnach 2 bhilliún ciliméadair ag paisinéirí ag Éirinn in 2016. Mar gheall ar mhéid bheag líonra na hÉireann áfach, is ionann sin agus úsáid thart faoi 108 ciliméadar ag paisinéirí le haghaidh gach ciliméadair traenach, i gcomparáid le 81 ciliméadar le haghaidh gach ciliméadair traenach ag paisinéirí san Eoraip ar an meán, rud a thugann le fios gur in Éirinn atá ceann de na líonraí lena mbaineann an dlús úsáide is mó.




*Figiúr 28: Iomlán na gciliméadar ag paisinéirí (milliúin)*

## 4.3 Na tionóiscí ar fad i gcoibhneas le km-traenach


Tionóiscí intuairiscithe is ea gach tionóisc sa chás seo faoi chuimsiú chreat na gComhtháscairí Sábháilteachta, faoi mar a chuirtear síos orthu sa Treoir maidir le Sábháilteacht Iarnróid ón Aontas Eorpach 2004/49 (faoi mar a leasaíodh). Taispeántar le Figiúr 29 éagsúlacht suntasach trasna thíortha na hEorpa ó thaobh ráta na dtionóiscí in aghaidh na milliún ciliméadar traenach, ó uasmhéid 2.24 in 2016 (an Eastóin) go 0 mar íosmhéid 0 (Éire agus Tollán Mhuir nIocht). Ciallaíonn méid bheag líonra na hÉireann go gcaithfear a bheith cúramach is duine ag breathnú ar an staitistic toisc go mbeadh éifeacht láidir ag baint le líon beag tionóiscí fiú. Dá ainneoin sin, is in Éirinn a bhí ceann de na rátaí tionóisce is ísle i rith na tréimhse 2012-2016. Tá gá le faireachas agus feabhsú leanúnach go leanfaidh an treocht seo ar aghaidh.




*Figiúr 29: Na tionóiscí ar fad in aghaidh na milliún km-traenach*

### 4.4 Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú i gcoibhneas le km-traenach


Is in Éirinn a bhí an t-ochtú ráta ba mhó de *SPAD*anna a tuairiscíodh in 2016 i gcoibhneas le milliún ciliméadar traenach (Figiúr 30). Tháinig feabhas ar na sonraí in 2016, agus faoi mar a pléadh níos luaithe sa tuairisc seo, tá ráta 2017 níos ísle arís, Tá feabhsuithe le déanamh sa réimse seo fós áfach.




*Figiúr 30: Comharthaí contúirte a ndeachthas tharstú in aghaidh na milliún km-traenach*

## 4.5 Tionóiscí ag crosairí comhréidh i gcoibhneas le km-traenach


Riosca suntasach is ea crosairí comhréidhe don tsábháilteacht iarnróid agus tá dlús na gcrosairí comhréidhe ar líonra na hÉireann níos airde ná an meánfhigiúr Eorpach. Tá sé soiléir ó na sonraí a chuirtear i láthair le Figiúr 31 áfach go bhfuil taifead sábháilteachta dearfach ag Éirinn, i gcomparáid le tíortha eile na hEorpa, ó thaobh tionóiscí ag crosairí comhréidhe i gcoibhneas le ciliméadair traenach.




*Figiúr 31: Tionóiscí ag crosairí comhréidhe i gcoibhneas le km-traenach*

### 4.6 Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach


Ní dheachaigh aon traein de na ráillí in Éirinn sa tréimhse 2012-2016, agus mar sin, is in Éirinn atá ceann de na rátaí is ísle trasna Bhallstáit an AE (Figiúr 32). Cé go n-oibríonn Líonra na hÉireann ar luas réasúnta íseal agus go gcuirtear an líonra chun feidhme ar bhonn níos lú i gcomparáid le roinnt ballstát eile, ní foláir bainistíocht chúramach a dhéanamh maidir leis an riosca ó thaobh traein a bheith ag imeacht de na ráillí, i dtimpeallacht dúshlánach mar a bhfuil laghdú tagtha ar acmhainní sa tréimhse atá faoi athbhreithniú.




*Figiúr 32: Traenacha a chuaigh de na ráillí i gcoibhneas le km-traenach*

## 4.7 Céatadán na rianta le Cosaint Traenach Uathoibríoch (ATP) i bhfeidhm

Ceann de na príomhthháscairí maidir le sábháilteacht bhonneagair iarnróid is ea céatadán an iarnróid ar a bhfuil Cosaint Traenach Uathoibríoch (CTU) suiteáilte. Measann an ERA, i bpáirt le formhór na n eagraíochtaí iarnróid gairmiúla, go bhfuil CTU ar cheann de na bearta sábháilteachta iarnróid is éifeachtaí ar féidir le bainisteoirí bonneagair a chur i ngníomh chun laghdú a dhéanamh ar an riosca go dtarlóidh imbhuailtí nó go rachfaidh traenacha de na ráillí ar na príomhiarnróid. Le CTU, forfheidhmítear umhlaíocht do chomharthaí agus do shrianta luais trí mhaoirseacht ar luas, lena n áirítear stad uathoibríoch ag comharthaí. Thuairiscigh 25 Bhallstát céatadán na línte a bhfuil córas dá leithéid i bhfeidhm iontu. Taispeántar na sonraí seo thar an tréimhse 2012-2016 le Figiúr 33, agus taispeántar an figiúr is déanaí (2016) ag deireadh gach barra.




*Figiúr 33: Céatadáin d'iarnróid an AE/AEE le Cosaint Traenach Uathoibríoch i bhfeidhm, de reir na tíre (2012-2016)*

Ní thuairiscíonn ach ceithre thír/limistéar go bhfuil cosaint iomlán CTU acu thar 100% dá líonra: an Rómáin, an Ísiltír, Lucsamburg, agus Tollán Mhuir nIocht. Níl aon CTU i bhfeidhm in Éirinn ar a líonra, in ainneoin gur tuairiscíodh gur clúdadh 5% roimhe. Tá an titim sin mar gheall ar athrú sa sainmhíniú ar CTU sa chaoi nach bhfuil córas CTU an DART a úsáidtear ar rothstoc *EMU* an DART i limistéar Bhaile Átha Cliath cáilithe mar CTU níos mó ach mar Chóras Cosanta Traenach (CCT). Baineann líonra na hÉireann úsáid go forleathan as Córas Rabhaidh Uathoibríoch Leanúnaigh freisin a chomhlíonn sainmhíniú an AE ar CCT. Áirítear le tíortha eile a thuairiscíonn 0% CTU Poblacht na Seice, an Ghréig, an Laitvia agus an Chróit agus níor thuairiscigh an Ríocht Aontaithe, an Bheilg, an tSlóivéin, agus an tSualainn a gcuid leibhéal le blianta beaga anuas.

I gcaitheamh na gcúig bliana seo caite, chonacthas laghdú ar an CTU in ocht gceann de na tíortha, ar an ábhar céanna, is dócha, is a bhí i gceist in Éirinn, chonaic ceithre thír méadú, agus d'fhan 17 mórán mar a chéile (laistigh de 1-2%).

## 4.8 Tionóiscí Móra Timpeall an Domhain

Chuir roinnt tionóiscí móra ar iarnróid i dtíortha eile i rith 2017 i gcuimhne go láidir go bhféadfadh tionóiscí ollmhóra tarlú fós, in ainneoin go leor táscairí a bheith ag taispeáint feabhsaithe ar an bhfeidhmíocht fhoriomlán ó thaobh na sábháilteachta. Tá an CRI ina rannpháirtí gníomhach i roinnt bheag fóram le hÚdaráis Náisiúnta Sábháilteachta eile san Eoraip agus i ngníomhaireachtaí cosúil leo timpeall an domhain maidir le tionóiscí dá leithéid agus déanann siad a dhícheall pointí foghlama a thagann as imscrúduithe a roinnt. Is éard atá i gceist leis an méid a leanas ná forléargas achomair ar thionóiscí le déanaí i ndlínsí eile ar mheas an CRI iad a bheith ina n-údar suntais do thionscal iarnróid na hÉireann.

### An India

An 21 Eanáir 2017, chuaigh mearthraein phaisinéirí de na ráillí in Andhra Pradesh, ag marú 41 duine agus ag gortú 68. Thug tuairiscí tosaigh le fios go ndearnadh sabaitéireacht ar na rianta, ach níor lorgadh aon fhianaise chun tacú leis an teoiric sin. Tugann an t-imscrúdú tosaigh le fios gurb é deighilt ráille an phríomhchúis.

An 19 Lúnasa 2017, chuaigh mearthraein phaisinéirí de na ráillí in Uttar Pradesh. Maraíodh 23 duine agus gortaíodh 156. Tharla an tionóisc toisc gur ceadaíodh don traein dul isteach in áit mar a raibh cothbháil á déanamh.

### An Bheilg

An 18 Feabhra 2017, chuaigh traein phaisinéirí de na ráillí in Leuven, an Bheilg. Maraíodh aon duine amháin agus gortaíodh 27. Cé go bhfuil t-imscrúdú fós ar siúl, tugann na torthaí tosaigh le fios gurb é luas iomarcach trí shraith pointí príomhchúis na tionóisce. Bhí an traein ag taisteal ar luas 100km san uair mar arb é 40km san uair an teorainn luais.

An 27 Samhain 2017, bhuail traein phaisinéirí train faoi charr ag crosaire comhréidh ag Morlanwelz, an Bheilg. Cé nár gortaíodh aon duine sa tionóisc sin, dhealaigh trí charráiste ón ngluaisteoir i rith na n-oibriúcháin tarrthála agus rith ar shiúl. Agus na carráistí ag rith gan rialú, bhuail an t-aonad ceithre oibrí bonneagair, ag marú beirte, agus bhuail siad faoi thraein phaisinéirí tar éis dóibh dul trí thrí stáisiún agus thar chúig chrosaire comhréidh, ag taisteal thart faoi 14 ciliméadar. Gortaíodh cúigear san imbhualadh seo. Tugann tuairiscí tosaigh le fios gur cliseadh ar an gcúpláil, rud a thug ar an aonad dealú ón ngluaisteoir agus rith ar shiúl.

### An Rómáin

An 8 Aibreán 2017, chuaigh traein lastais de na ráillí ag Merişor, an Rómáin, lenar maraíodh an bheirt bhall den chriú ar bord. Tugann imscrúduithe tosaigh le fios gur cliseadh ar chóras coscán na traenach, agus go ndeachaigh an traein a d'éalaigh de na ráillí ar chuar ar dhroichead. Bhí an traein ag taisteal ag beagnach 100km san uair cé gur 30km san uair teorainn luais an droichid.

### An Ghréig

An 13 Bealtaine 2017 chuaigh traein idirchathrach de na ráillí in Adenro i dtuaisceart na Gréige. Chuaigh cúig charráistí den traein de na ráillí, agus bhuail an t-inneal agus aon charráiste amháin faoi theach. Maraíodh aon phaisinéir amháin, an tiománaí, agus ball eile den chriú traenach agus gortaíodh deichniúr eile. Tugann an t-imscrúdú tosaigh le fios go raibh an traein ag taisteal ar luas iomarcach de bheagnach 145km san uair in áit mar arb é 60km san uair luas na líne.

**An Spáinn**

An 28 Iúil 2017 bhuain traein phaisinéirí faoi stad maolánach ag stáisiún França in Barcelona. Bhí an traein ag taisteal ag luas 30km san uair tráth an imbhuailte. Chuaigh aon bhógaí de na ráillí agus gortaíodh 53 duine. Tá an t-imscrúdú ag leanúint ar aghaidh ach tugann tuairiscí tosaigh le fios nár cuireadh na coscáin chun feidhme sa traein agus í ag teacht isteach sa stáisiún.

**An Éigipt**

An 11 Lúnasa 2017, bhuail dhá thraein phaisinéirí faoina chéile i mbruachbhailte Alexandria, an Éigipt, ag marú 41 duine agus ag gortú 179. Tugann an t-imscrúdú tosaigh le fios go ndeachaigh tiománaí i gceann de na traenacha thar chomhartha contúirte ar luas ard agus gur bhuail an traein faoi thraein a bhí ina stad agus ag fanacht le dul isteach i stáisiún.

**Singeapór**

An 15 Samhain 2017, bhuail traein mearchórais iarnróid cathrach a bhí ag taisteal ag 16km san uair faoi chúl traenach eile a bhí ina stad ag stáisiún mearchórais iarnróid cathrach Joo Koon i Singeapór, is gortaíodh 38 duine dá thoradh. Bhí an traein a bhí ina stad i mbun an phróisis díthraenach mar gheall ar fhabht. Bhí an dá thraein faoi rialú chóras Rialaithe Comharthaíochta Traenach bunaithe ar Chumarsáid (CBTC) tráth na tionóisce. Fuarthas leis an imscrúdú gur cheadaigh fabht sna bogearraí don chóras an traein ina raibh sé charranna a aithint mar cheann le trí charranna. Agus an traein á dhíthraenú, chuir stádas oscailte dhoirse an ardáin bac ar an dara traein teacht isteach sa stáisiún, ach nuair a dúnadh na doirse, ghéaraigh an dara traein a luas i dtreo na chéad traenach toisc gur chreid an córas comharthaíochta go raibh bearna le líonadh.

**An Ghearmáin**

An 5 Nollaig 2017, rith traein phaisinéirí isteach i gcúl traenach lastais in aice le Meerbusch sa Ghearmáin. Gortaíodh 50. Tá an t-imscrúdú ag leanúint ar aghaidh ach tugann tuairiscí tosaigh le fios go mb'fhéidir gur tugadh cead i ndearmad don tiománaí chun dul thar chomhartha contúirte. Fachtóir eile a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis an imbhualadh, a tharla ag 19:30, ab ea infheictheacht íseal maidir le le soilse chúl na traenach lastais.

**An Fhrainc**

An 14 Nollaig 2017, bhuail traein faoi bhus scoile ar chrosaire comhréidhe in aice le Perpignan san Fhrainc. Gearradh an bus ina dhá chuid, maraíodh seisear dalta scoile agus gortaíodh 22 duine. Príomhábhar an imscrúdaithe is ea an cheist maidir le cibé ar oibríodh na bacainní i gceart chun an crosaire a chosaint.

**Washington**

Ar a chéad lá a osclaíodh tionscadal ar luach $181.1 milliún chun dorchla an iarnróid a uasghrádú, chuaigh traein is luas mór fúithí de na ráillí ar dhroichead thar mhótarbhealach Idirstáit. Tharla an tionóisc an 18 Nollaig 2017 agus maraíodh triúr. Moladh mar pháirt de phlean tosaigh an tionscadail go gcuirfí ailíniú níos dírí in ionad an chuair mar ar thachair an tionóisc, ach fágadh an ghné sin amach as na pleananna deiridh chun an tionscadal a chur i gcrích ar bhuiséad níos lú. Rinneadh amach le himscrúdú an NTSB go raibh an traein ag taisteal ar luas beagnach 80m.s.u. agus é ag dul thar chlár luais lenar comhairlíodh 30m.s.u. mar luas líne. Thuairiscigh an tiománaí gurbh é díreach an dara turas aige ag tiomáint thar an ailíniú nua agus gur cheap sé go raibh sé ar chuid difriúil den iarnród. Ní raibh Rialú Dearfach Traenach (PTC), cinéal Cosanta Traenach Uathoibríche, i bhfeidhm fós ar an ngluaisteoir a bhí i gceist leis an tionóisc.




# 5 Imscrúduithe faoi Thionóiscí

## 5.1 Réamhrá

Eagraíocht is ea an tAonad um Imscrúdú ar Thionóiscí (AITI) atá neamhspleách ó thaobh cúrsaí feidhmiúcháin laistigh den Roinn Iompair, Turasóireachta & Spóirt (RITS). Tugann an AITI faoi imscrúduithe faoi chúis tionóiscí agus eachtraí a chomhlíonann critéir shonracha ó thaobh déine nó as a bhféadfadh, agus cúinsí beagáinín difriúil, tionóisc nó eachtra níos tromchúisí teacht.

Is é cuspóir imscrúdaithe ag an AITI feabhsuithe ar shábháilteacht iarnróid a shonrú trí déanamh amach, oiread agus is féidir, cúis nó cúiseanna tionóisce nó eachtra d'fhonn moltaí a dhéanamh chun tionóiscí cosúil leo amach anseo a sheachaint, nó chun an tsábháilteacht iarnróid a fheabhsú ar bhealaí eile. Ní hé cuspóir imscrúdaithe locht nó dliteanas a chur ar éinne. Déantar imscrúduithe an AITI de réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid ón Eoraip 2004/49/CE agus an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005 faoi mar a leasaíodh le I.R. Uim.258 de 2014.

## 5.2 Imscrúduithe Gníomhacha de chuid an AITI

Rinne an AITI 40 Tuairiscí Scrúdaithe Tosaigh (TST) agus thionscain dhá imscrúdú iomlána ar thionóiscí agus eachtraí iarnróid in 2017 (Tábla 4). Chuir siad tús le 'Imscrúdú ar Threochtaí Tharlúintí Traenacha a Théann Thar Chomharthaí Contúirte' (*SPAD*) freisin. D'fhoilsigh an AITI a dtuairiscí faoi imscrúduithe/ imscrúduithe ar threochtaí in 2016 agus sannadh gach moladh maidir le sábháiltacht do na h-eagraíochtaí iarnróid ábhartha agus tá an CRI ag coinneáil súile ar chur i ngníomh na moltaí.

*Tábla 4: Imscrúduithe a thionscain AITI in 2017*

| Dáta na hEachtra | Mionsonraí | Sealbhóir Dualgais |
|---|---|---|
| 31/01/2017 | Ba bheag nár tharla tionóisc, Crosaire Comhréidh Chnoc an Chrochaire | BB-IÉ |
| 13/09/2017 | DART imithe de na ráillí, Dun Laoghaire | GI-IÉ |

## 5.3 Tuairiscí faoi Imscrúduithe de chuid an AITI 2017

De réir an Achta um Shábháilteacht Iarnróid 2005, féachann an AITI le tuairisc faoi imscrúdú a fhoilsiú tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis dáta na heachtra. In 2017, d'fhoilsigh an AITI dhá thuairisc atá liostaithe i dTábla 5. De thoradh a n-imscrúduithe, tá naoi moladh sábháilteachta déanta san iomlán ag an AITI, a phléitear i gcuid 5.4.

*Tábla 5: Tuairiscí faoi imscrúduithe a d'fhoilsigh AITI in 2017*

| Dáta a Foilsíodh an Tuairisc | Dáta na Tionóisce | Teideal Tuairisce | Líon na moltaí a rinneadh | Seal-bhóir Dual-gais |
|---|---|---|---|---|
| 07/11/2017 | 17/12/2016 | Iarnród Éadrom Dhuibhlinne Thit Paisinéir, Co. Dhún na nGall | 4 | DLR |
| 20/12/2017 | 31/01/2017 | Ba bheag nár tharla tionóisc, Crosaire Comhréidh Chnoc an Chro-chaire, XM065, Co. Ros Comáin | 5 | BB-IÉ |

## 5.4 Moltaí ó thaobh na Sábháilteachta de chuid an AITI 2017

Sonraíonn an AITI, trína n-imscrúduithe ar thionóiscí, an phríomhchúis i gcás gur féidir, chomh maith le haon fhachtóirí a chuir leis agus aon bhunfhachtóirí. Agus na nithe sin déanta amach acu, féadfaidh an AITI moltaí a dhéanamh agus faoi mar a dúradh roimhe, rinneadh naoi moladh in 2017. De réir na Treorach maidir le Sábháilteacht Iarnróid, ba cheart don AITI moltaí a chur faoi bhráid an údaráis sábháilteachta (an CRI) agus i gcas gur gá de réir ghnéithe na moltaí, faoi bhráid comhlachtaí nó údarás eile sa Bhallstát nó faoi bhráid Bhallstát eile. Déanfaidh Ballstáit agus a gcuid údarás sábháilteachta na gníomhartha riachtanacha lena chinntiú go gcuirfear na moltaí sábháilteachta a d'eisigh na comhlachtaí imscrúdúcháin, san áireamh go cuí, agus i gcás gur cuí, go ngníomhaítear ina leith.

Cuireann an CRI stádas moltaí i gcatagóirí mar 'Oscailte', 'Curtha i gCrích nó 'Dúnta'. Sainmhínítear iad mar seo a leanas;

| | |
|---|---|
| **Oscailte** | Tá an CRI ag fanacht le haiseolas ón bhfeidhmeoir nó níl gníomhartha curtha i gcrích fós. |
| **Curtha i gcrích** | É tugtha le fios ag an bhfeidhmeoir go bhfuil bearta déanta aige chun an moladh a chur i ngníomh agus tá an CRI ag meas cibé an ndúnfaidh sé an moladh. |
| **Dúnta** | É tugtha le fios ag an bhfeidhmeoir go bhfuil bearta déanta aige chun an moladh a chur i ngníomh agus tá an CRI sásta go bhfuil an obair curtha i gcrích agus clabhsúr curtha leis an moladh. |

Cuirtear achoimre i láthair thíos de na gníomhartha a rinneadh (tráth scríofa na tuairisce) i ndáil leis an dhá Thuairisc faoi Imscrúduithe an AITI a foilsíodh in 2017 mar a ndearnadh moltaí sábháilteachta, agus stádas gach molta.

Ba cheart tabhairt do d'aire nach ionann's a rá nach bhfuil aon ghníomh déanta díreach toisc go sonraítear moladh sábháilteachta mar cheann 'oscailte', ach nár thuairiscigh an eagraíocht iarnróid atá freagrach go bhfuil na gníomhartha atá beartaithe acu, chun an moladh sábháilteachta aonair a chur i ngníomh, curtha i gcrích acu fós.

Ar an gcaoi chéanna, is dócha go mbeidh athbhreithniú déanta ag an CRI ar mholtaí sábháilteachta lena mbaineann stádas 'curtha i gcrích', agus go bhfuil siad ag fanacht le fianaise thairis sin chun tacú le héileamh na n-eagraíochtaí iarnróid gur thug siad aghaidh ar an moladh, nó gur soláthraíodh an fhianaise sin, agus go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an CRI air.

| **R2017 – 001** Thit Paisinéir ar Iarnród Éadrom Dhuibhlinne, Co. Dhún na nGall 17ú Nollaig 2016<br>*(Tuairisc Foilsithe 7ú Samhain 2017)* | |
|---|---|
| **Achoimre:**<br>De Sathairn 17th Nollaig 2016, bhí seirbhís traenach *'Santa Express'* ag feidhmiú ag Iarnróid Éadrom Dhuibhlinne *(DLR*), iarnród caol 4.5km ar a fhad atá ar bun i bPáirc Oakfield, Ráth Bhoth, Co. Dhún nan nGall. Ag thart faoi 17:00 uair a' chloig, go gairid tar éis dóibh imeacht as Pluais Dhaidí na Nollag, chuaigh teaghlach naonúir (lena n-áirítear cailín sé bliana d'aois) ar bord an *Santa Express*, don turas ar ais chuig Stáisiún Pháirc Oakfield. Thaistil an traein achar gairid, sular thosaigh sé ag taisteal timpeall cuar ar dheis, nuair a thit an cailín sé bliana d'aois ón traein, ag dul i snaidhm le taobh na traenach agus tarraingíodh í achar gairid sular stad an traein. Gortaíodh cosa an chailín a d'fhág go raibh aici dul chuig an t-ospidéal, nódú cnis a fháil mar othar seachtrach, chomh maith le scrúduithe sláinte ina dhiaidh. | |
| **Líon na moltaí a rinneadh** | **4** |
| Moladh 1<br>(1-2017) | Ba cheart don *DLR* athbhreithniú a dhéanamh ar chosaintí fisiciúla agus sna nósanna imeachta d'fheidhmiú a dtraenacha, chun cosc a chur ar leanaí beaga, nach sroicheann a gcosa an lár agus iad ina suí, a bheith ag titim ó charráistí oscailte. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Chuir *DLR* fianaise isteach i mí Fheabhra 2018 faoi athbhreithniú ar na cosaintí fisiciúla agus sna nósanna imeachta d'fheidhmiú na dtraenacha. |
| Stádas | Oscailte |
| Moladh 2<br>(2-2017) | Ba cheart don DLR athbhreithniú a dhéanamh ar a bpróiseas measúnachta rioscaí lena chinntiú go sonrófar gach riosca is intuartha le réasún a bhaineann le feidhmiú traenacha agus go sonrófar bearta rialaithe cuí. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Léiríodh i bhfianaise a cuireadh isteach i mí an Mhárta 2018 go bhfuil athbhreithniú déanta ar na measúnachtaí rioscaí tar éis ar tharla agus gur tugadh faoi mheasúnacht cáilíochtúil simplí rioscaí agus gur tugadh isteach é mar chuid den CBS uasdátaithe. |
| Stádas | Dúnta |
| Moladh 3<br>(3-2017) | Ba cheart don *DLR* athbhreithniú a dhéanamh ar CBS *DLR*, ina iomláine, agus cinntiú go bhfuil nósanna imeachta monatóireachta inmheánacha ann lena n-údaraítear seiceáil tráthúil a dhéanamh ar fheidhmiú phróisis agus chleachtais an CBS. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Léiríodh i bhfianaise a cuireadh isteach i mí an Mhárta 2018 go bhfuil an CBS uasdátaithe. |
| Stádas | Dúnta |
| Moladh 4<br>(4-2017) | Ba cheart don DLR athbhreithniú a dhéanamh ar a bhfreagrachtaí na Rialacháin um Shábháilteacht agus Leas ag an Obair maidir le limistéir thiomnaithe Chéadchabhrach. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Léiríodh i bhfianaise a cuireadh isteach i mí an Mhárta 2018 go bhfuil infheistíocht déanta in oiliúint phearsanra agus chun seomra chéadchabhrach a chur ar bun. |
| Stádas | Dúnta |

| | |
|---|---|
| **R2016-002** Ba bheag nár tharla tionóisc ag Crosaire Comhréidh Chnoc an Chrochaire, XM065, Co. Ros Comáin 31ú Eanáir 2017<br>*(Report Published 20th December 2017)* | |
| Achoimre: Ag thart faoi 11:10:56 uair a' chloig, spreag seirbhís phaisinéirí ag 09:45 uair a' chloig ó Chathair na Mart chuig Heuston (Traein A805) tionscnamh Chrosaire Comhréidh XM065 (Crosaire comhréidh CCTV le soilse agus bacainní iomlána), a d'fhág na soilse tráchta bóithre ag splancáil chun tabhairt le fios d'úsáideoirí bóthair go raibh trácht iarnróid ag teacht. Chuaigh dhá charr i dtreo an chrosaire comhréidh ó shlí Bhaile Átha Luain, tar éis do thionscnamh sin na soilse tosú, agus stad aon charr amháin ar limistéar an bhosca buí (Carr 1), laistigh de limistéar an chrosaire comhréidh agus stad aon charr amháin gar do bhacainní an chrosaire comhréidh. Nuair a d'fhreastail Oibreoir Rialaithe an Chrosaire Comhréidh (ORCC), bhí bac ar an radharc ar an gcarr ar an gcrosaire comhréidh, ach reoigh an ORCC na bacainní don dara carr atá suite gar don chrosaire comhréidh. Nuair an chonaic an ORCC an dara carr (Carr 2) ag dul amach ón gcrosaire comhréidh ar fad, thosaigh sé ar an seicheamh dúnta arís agus ghlan an crosaire comhréidh (níorbh fhéidir leis an gcarr ar an gcrosaire comhréidh tiomáint amach as an gcrosaire comhréidh); rud a d'fhág gur íslíodh na bacainní go hiomlán agus an chéad charr sáinnithe laistigh den chrosaire comhréidh. | |
| **Líon na moltaí a rinneadh** | **5** |
| Moladh 1<br>(5-2017) | Ba cheart do Roinn *SET* athbhreithniú a dhéanamh ar shuíomh an cheamara ag LC XM065, agus ar CCTV crosairí comhréidhe eile cosúil leis, lena chinntiú go mbíonn na radhairc is fearr, gan bhac, ag ORCCanna ar chrosairí comhréidhe. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Cuireadh fianais ar athbhreithniú ar shuíomh an cheamara ag XM065 isteach i mí Aibreáin 2018 agus chomhairligh BB-IÉ go raibh fúthu an ceamara a athlonnú go soláthrófar an radharc is fearr is féidir agus roinnt athruithe fisiciúla á ndéanamh acu ar an gcrosaire freisin. |
| Stádas | Oscailte |
| Moladh 2<br>(6-2017) | Ba cheart do Roinn *SET* próiseas measúnachta rioscaí foirmiúil a fhorbairt maidir le lonnú ceamaraí CCTV agus oibreacha deartha gaolmhara. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Tugadh le fios i bhfianais a cuireadh isteach i mí Aibreain 2018 go bhfuil dreáchtchaighdeán á ullmhú . |
| Stádas | Oscailte |
| Moladh 3<br>(7-2017) | Ba cheart do BB-IÉ crosairí comhréidhe CCTV, a bhfuil bac ar na radhairc uathu, a shonrú agus treoracha eatramhacha a eisiúint do ORCCanna chun na bacainní a ardú go hiomlán i gcás go bhféadfadh aon nithe a bheith ina mbac ar chrosairí comhréidhe. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Tugadh le fios i bhfianais a cuireadh isteach i mí Aibreáin 2018 go bhféadfar treoracha cuí a eisiúint ar bhonn thorthaí suirbhé an *SET.* |
| Stádas | Oscailte |
| Moladh 4<br>(8-2017) | Ba cheart do BB-IÉ athbhreithniú a dhéanamh ar fhachtóirí an duine agus ar oiliúint i scileanna neamhtheicniúla do ORCCanna, agus oiliúint bhreise a thabhairt isteach, i gcás go mbaineann sin le hábhar. Lena chois sin, ba cheart do GI-IÉ an Lámhleabhar Tacaíochta Gairmiúil do Oibreoirí Rialaithe Crosairí Comhréidhe a thabhairt chun críche, chun comhairle a sholáthar do ORCCanna i réimsí fhachtóirí an duine agus scileanna neamhtheicniúla. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Cuid den ábhar curtha isteach chun tacú le hoiliúint fheasachta ar fhachtóirí an duine a soláthraíodh do ORCCanna. Beidh an Lámhleabhar Gairmiúil curtha i gcrích i mí an Mhárta 2019. |
| Stádas | Dúnta |

| | |
|---|---|
| Moladh 5 (9-2017) | Ba cheart do BB-IÉ athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar na Treoracha do ORCCanna, agus iad a dhéanamh níos so-úsáidte dóibh. |
| Gníomh/artha déanta / ar siúl | Tugadh le fios le fianaise a cuireadh isteach i mí Aibreáin 2018 go bhfuil an obair seo ar siúl. |
| Stádas | Oscailte |

## 5.5 Achoimre ar Mholtaí de chuid an AITI

Dearbhaítear sa tábla thíos stádas reatha mholtaí uile an AITI tráth scríofa na tuairisce seo.

*Tábla 6: Achoimre na Moltaí ó AITI*

| Bliain | Líon na dTuairiscí | Líon na Moltaí | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Oscailte | Curtha i gCrích | Dúnta | Iomlán |
| **2006*** | 1 | 0 | 0 | 14 | 14 |
| **2007** | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| **2008** | 1 | 0 | 0 | 7 | 7 |
| **2009** | 5 | 0 | 0 | 13 | 13 |
| **2010** | 6 | 1 | 0 | 25 | 26 |
| **2011** | 6 | 1 | 3 | 13 | 17 |
| **2012** | 3 | 1 | 0 | 12 | 13 |
| **2013** | 3 | 1 | 0 | 9 | 10 |
| **2014** | 6 | 5 | 1 | 21 | 27 |
| **2015** | 2 | 2 | 0 | 2 | 4 |
| **2016** | 3 | 13 | 0 | 7 | 20 |
| **2017** | 1 | 5 | 0 | 4 | 9 |
| **Totals** | 37 | 29 | 4 | 127 | 160 |

*Moltaí an CRI a rinneadh sular bunaíodh an AITI

Agus iad ina n-aonar, b'fhéidir gur cosúil go bhfuil líon na moltaí sábháilteachta atá oscailte ard, ach faoi mar a dúradh thuas, tá gníomhartha á ndéanamh ag eagraíochtaí iarnróid chun aghaidh a thabhairt ar mholtaí an AITI agus aon seans go dtarlóidh siad arís a íoslaghdú. Ba cheart tabhairt do d'aire freisin nach 'fuascailtí tapa' iad go leor de na moltaí sábháilteachta atá déanta ag an AITI agus go mb'fhéidir go mbeadh pleanáil straitéiseach, dearadh innealtóireachta, comhairliúchán poiblí, cead pleanála agus/nó maoiniú rialtais riachtanach agus d'fhéadfadh blianta a bheith i gceist leo siúd ar fad chun 'clabhsúr' a chur le moladh sábháilteachta i ndáiríre.

Dá ainneoin sin, seachas na moltaí sin a rinneadh in 2017, rinneadh dul chun cinn maith i rith na bliana ó thaobh clabhsúr a chur le moltaí an AITI, agus tá laghdú ag teacht ar líon na moltaí oscailte a bhaineann leis na blianta 2006-2016 agus na blianta sin san áireamh ó 32 go 24, laghdú ar mholtaí atá curtha i gcrích ó 22 go 4, agus méadú tagtha ar mholtaí dúnta ó 97 go 123.



# 6 Tagairtí

## 6.1 Cáipéisí a Úsáideadh


CRI (2017) Tuarascáil Bhliantúil 2017. Baile Átha Cliath: CRI

*ERA* (2015), Sonraí faoin gComhthéascaire Sábháilteachta, **https://erail.era.europa.eu/** fuarthas 20.09.2018

AITI (2017). Tuarascáil Bhliantúil 2017. Baile Átha Cliath: AITI


## 6.2 Táscairí Sábháilteachta Coitianta (Treoir um Shábháilteacht Iarnróid 2004, Iarscríbhinn I)

Táscairí sábháilteachta coitianta atá le tuairisciú ag na húdaráis sábháilteachta:

Ba chóir cuntas a thabhairt i dtáscáirí a bhaineann le gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 2(2), (a) agus (b), faoi leithligh, má chuirtear isteach iad. Má thagtar ar fhíricí nó earráidí nua tar éis don tuairisc a bheith curtha isteach, leasóidh nó ceartóidh an t-údarás sábháilteachta na táscairí d'aon bhliain ar leith ag an gcéad deis áisiúil agus sa chéad tuarascáil bhliantúil eile ar a dhéanaí.

Le haghaidh táscairí a bhaineann le tionóiscí faoi theideal 1 thíos, feidhmeofar Rialachán (CE) Uimh 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staitisticí iompair iarnróid (1) de réir mhéad na faisnéise a bheidh ar fáil.

### 1. Táscairí a bhaineann le tionóiscí

1. Líon iomlán agus coibhneasta (ó thaobh na gciliméadar traenach) na dtionóiscí agus miondealú ar na cineálacha tionóiscí seo a leanas:
    - imbhuailtí traenacha, lena n-áirítear imbhuailtí le bacainní laistigh den íosleithead,
    - traenacha a théann de na ráillí,
    - tionóiscí ag crosairí comhréidhe, lena n-áirítear tionóiscí a bhaineann le coisithe ag crosairí comhréidhe,
    - tionóiscí a bhaineann do dhaoine arb é rothstoc ag gluaiseacht is cúis leo, gan féinmharuithe a chur san áireamh,
    - féinmharuithe,
    - tinte i rothstoc,
    - tionóiscí eile.

    Tuairisceofar gach tionóisc faoi chineál na tionóisce príomhúla, fiú má bhíonn iarmhairtí na tionóisce tánaistí níos tromchúisí, m.sh. tine tar éis do thraein imeacht de na ráillí.

2. Líon iomlán agus coibhneasta (ó thaobh na gciliméadar traenach) na ndaoine a ghortaítear go tromchúiseach agus a mharaítear de réir chineál na tionóisce arna roinnt de réir na gcatagóiri seo a leanas:
    - coisithe (i ndáil le líon iomlan na gciliméadar paisinéirí freisin),
    - fostuithe lena n-áirítear baill foirne conraitheoirí,
    - úsáideoirí crosairí comhréidhe,
    - daoine neamhúdaraithe ar áitreabh iarnróid,
    - daoine eile.



### 2. Táscairí a bhaineann le heachtraí agus cásanna nár mhór gur tharla eachtra

1. Líon iomlán agus coibhneasta (ó thaobh na gciliméadar traenach) na ráillí briste, rianta lúbtha agus teipeanna comharthaíochta ar an taobh cearr
2. Líon iomlán agus coibhneasta (ó thaobh na gciliméadar traenach) na gcomharthaí contúirte a ndeachthas tharstu.
3. Líon iomlán agus coibhneasta (ó thaobh na gciliméadar traenach) na rothanna agus acastóirí briste ar rothstoc i mbun seirbhíse.

### 3. Táscairí a bhaineann le hiarmhairtí tionóiscí

1. Líon iomlán agus coibhneasta (ó thaobh na gciliméadar traenach) na gcostas in euro a bhain leis na tionóiscí ar fad agus, más féidir, ba chóir na costais seo a leanas a ríomhadh agus a chur san áireamh:
    - básanna agus gortuithe,
    - cúirteamh le haghaidh caillteanais nó damáiste do mhaoin phaisinéirí, de chuid ball foirne nó tríú páirtithe – lena n-áirítear damáiste a rinneadh don chomhshaol dá thoradh,
    - rothstoc agus suiteálacha iarnróid damáistithe a athsholáthar nó a dheisiú,
    - moilleanna, clampar agus athródú tráchta, lena n-áirítear costais bhreise do bhaill foirne agus caillteanas ioncaim ina dhiaidh.

Bainfear as na costais thuas slánaíocht nó cúiteamh a aisghabhadh nó a mheastar a bheidh le haisghabháil ó thríú páirtithe amhail úinéirí mótairfheithiclí a bhíonn i gceist i dtionóiscí ag crosairí comhréidhe. Ní asbhainfear cúiteamh a aisghabhadh le polasaithe árachais ag gnóthais iarnróid nó bainisteoirí bonneagair.

2. Líon iomlán agus coibhneasta (ó thaobh na n-uaireanta oibrithe) na n-uaireanta oibre a chaill baill foirne agus conraitheoirí de thoradh tionóiscí.

### 4. Táscairí a bhaineann le sábháilteacht teicniúil bhonneagair agus a gcur i ngníomh

1. Céatadán na rianta le Cosaint Traenach Uathoibríoch (ATP) i bhfeidhm, céatadán na gciliméadar traenach ar a n-úsáidtear córais oibriúcháin dá leithéid.
2. Líon na gcrosairí comhréidhe (iomlán agus in aghaidh chiliméadair líne). Líon na gcrosairí comhréidhe le cosaint uathoibríoch nó de láimh.

### 5. Táscairí a bhaineann le bainistíocht sábháilteachta

Iniúchóireachtaí inmheánacha a ghnóthaíonn bainisteoirí bonneagair agus gnóthais iarnróid faoi mar a leagadh amach i gcáipéisí an chórais bhainistíochta sábháilteachta. Líon iomlán na n iniúchóireachtaí gnóthaithe agus an uimhir mar chéatadán d'iniúchóireachtaí riachtanacha (agus/nó pleanáilte).

### 6. Sainmhínithe

Féadfaidh na húdaráis tuairisceoireachta sainmhínithe, a fheidhmítear go náisiúnta, de na táscairí agus modhanna chun costais a ríomhadh a úsáid chun costais a ríomhadh nuair a chuirtear sonraí isteach de réir na hIarscríbhinne seo. Míneofar gach sainmhíniú agus modh ríomha atá in úsáid in Iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil bhliantúil ar cuireadh síos ar in Airteagal 18.

Sonraí teagmhála

Suíomh Idirlín www.crr.ie

Guthán +353 1 2068110

Rphost info@crr.ie

Seoladh: Coimisiún um Rialáil Iarnróid,
Teach an Teampaill,
An Charraig Dhubh,
Contae Bhaile Átha Cliath,
Éire